TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
ĆAPETA
arna tabhairt an 21 Márta 2024[1]

Cásanna uamtha C-778/21 P agus C-798/21 P

an Coimisiún Eorpach
v
Front populaire pour la libération de la saguia el-hamra et du rio de oro (Front Polisario), Comhairle an Aontais Eorpaigh (C-778/21 P)
agus
Comhairle an Aontais Eorpaigh
v

Front populaire pour la libération de la saguia el-hamra et du rio de oro (Front Polisario) (C-798/21 P)

(Achomharc – Comhaontú Comhlachais AE-Mharacó – Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe – Raon feidhme – Breithiúnas an 27 Feabhra 2018, *Western Sahara Campaign UK* (C-266/16, EU:C:2018:118) – 'Toiliú' mhuintir an tSahára Thiar – Prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí – An ceart féinchinntiúcháin)

I. Réamhrá

1. An bhféadfaidh an tAontas Eorpach comhaontú comhpháirtíochta iascaigh a thabhairt i gcrích, le Ríocht Mharacó, lena gcumhdaítear freisin na huiscí atá cóngarach do chríoch an tSahára Thiar? Más féidir, cad iad na hoibleagáidí atá ar an Aontas Eorpach maidir le muintir na críche sin?

2. Tagann na ceisteanna sin chun cinn i gcomhthéacs na n-achomharc ar bhreithiúnas an 29 Meán Fómhair 2021, *Front Polisario* v *an Chomhairle* (T-344/19 agus T-356/19, EU:T:2021:640),[2] inar tháinig an Chúirt Ghinearálta ar an gconclúid nár urramaigh an tAontas Eorpach rialacha an dlí idirnáisiúnta ghnách nuair a rinne an Chúirt Bhreithiúnais, ina breithiúnais in *an Chomhairle* v *Front Polisario* agus in *Western Sahara Campaign UK*, léiriú chun ceangal a chur ar an Aontas Eorpach.[3] Dá réir sin, chuir an Chúirt Ghinearálta[4] Cinneadh

1 Bunteanga: an Béarla.

2 Breithiúnas an 29 Meán Fómhair 2021, *Front Polisario* v *an Chomhairle* (T-344/19 agus T-356/19, EU:T:2021:640) ('an breithiúnas faoi achomharc').

3 Is é sin, i mbreithiúnas an 21 Nollaig 2016, *an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-104/16 P, EU:C:2016:973) ('an breithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario*') agus an 27 Feabhra 2018, *Western Sahara Campaign UK* (C-266/16, EU:C:2018:118) ('an breithiúnas in *Western Sahara Campaign UK*').

4 Féach breithiúnas faoi achomharc, míreanna 364 agus 365.

(AE) 2019/441,[5] ar neamhní lenar formheasadh tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe,[6] an Prótacal Cur Chun Feidhme[7] a ghabhann leis agus an Malartú Litreacha.[8] Tá an Chomhairle agus an Coimisiún ag déanamh achomharc in aghaidh an bhreithiúnais sin os comhair na Cúirte Breithiúnais anois.

3. Ní mór na hachomhairc seo a léamh i bhfianaise sraith achomharc comhthreomhar lena gcaitear amhras ar bhailíocht an chinnidh ón gComhairle lena bhformheastar leasuithe ar an gComhaontú Comhlachais[9] d'fhonn fabhair tharaife a shíneadh chuig earraí de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar agus i bhfianaise réamhthagartha lena lorgaítear treoir maidir le lipéadú ceart na tíre tionscnaimh ar tháirgí de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar. Tugaim mo Thuairimí i ngach ceann de na cásanna sin inniu.[10]

4. Mar a mhíním freisin i mo Thuairim chomhthreomhar an lae inniu in *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*, is ionann an streachailt leanúnach ar son fhéinchinntiúcháin mhuintir an tSahára Thiar agus teip shoiléir ar an bpróiseas polaitiúil faoi stiúir na Náisiún Aontaithe a bhfuil géarghá le réitigh phraiticiúla ina leith.

II. Cúlra na ndíospóidí

A. Stair ghairid ar cheist an tSahára Thiar

5. I míreanna 8 go 28 de mo Thuairim chomhthreomhar in *an Coimisiún agus an Chomhairle v Front Polisario*, míním ar bhealach níos mionsonraithe an cúlra stairiúil maidir le ceist an tSahára Thiar agus na deacrachtaí a bhíonn ag muintir na críche sin chun a gceart féinchinntiúcháin a fheidhmiú.

6. Is é seo a leanas an rud is cóir a chur leis nó a athrá chun críocha na n-imeachtaí seo.

7. Rinne Ríocht na Spáinne coilíniú ar an Sahára Thiar sa 19ú haois.

8. I gcomhthéacs phróiseas an díchoilínithe, sa bhliain 1963, chuir na Náisiúin Aontaithe an chríoch sin le liosta na gcríoch neamh-féinrialaitheach ('NSGTanna').[11]

5 Cinneadh (AE) 2019/441 an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó, an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis agus an Malartú Litreacha a ghabhann leis an gComhaontú (IO 2019 L 77, lch. 4) ('an cinneadh atá faoi chonspóid').

6 Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó (IO 2019 L 77, lch. 8) ('Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe').

7 Prótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó (IO 2019 L 77, lch. 18) ('Prótacal Cur chun Feidhme').

8 Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó (IO 2019 L 77, lch. 53) ('Malartú Litreacha').

9 An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO 2000 L 70, lch. 2).

10 See my Opinion of 21 March 2024 in Joined Cases C-779/21 P and C-799/21 P *Commission and Council* v *Front Polisario* ('*Commission and Council v Front Polisario*') and my Opinion of 21 March 2024 in Case C-399/22 *Confédération paysanne (Melons and tomatoes from Western Sahara)*.

11 Na Náisiúin Aontaithe, Tuarascáil an Choiste um Fhaisnéis ó Chríocha Neamh-Féinrialaitheacha 14 (A/5514) (1963), Iarscríbhinn III 'Liosta na gCríoch Neamh-Féinrialaitheach faoi Chaibidil XI den Chairt an 31 Nollaig 1962 rangaithe de réir réigiúin gheografacha'.

9. Sa bhliain 1966, dheimhnigh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an ceart féinchinntiúcháin de mhuintir an tSahára Thiar agus thug sé cuireadh don Spáinn feidhmiú an chirt sin a chumasú agus a eagrú,[12] rud a chinn an Spáinn a dhéanamh trí reifreann. Níor reáchtáladh an reifreann sin riamh.

10. Sa bhliain 1969, rith Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Rún 2554 (XXIV).[13] Leis an rún sin 'athdhearbhaítear ceart doshannta mhuintir na Spleáchríoch chun féinchinntiúcháin agus neamhspleáchais agus chun acmhainní nádúrtha a gCríoch, mar aon lena gceart chun na hacmhainní sin a úsáid ar mhaithe lena leas i bhfianaise an ochtú mír bhrollaigh de rún 1514 (XV) ón gComhthionól Ginearálta' agus 'iarrtar ar na Cumhachtaí riaracháin agus ar na Stáit lena mbaineann a bhfuil a gcuideachtaí agus a náisiúnaigh ag gabháil do ghníomhaíochtaí den sórt sin bearta a ghlacadh láithreach chun deireadh a chur le gach cleachtas a shaothraíonn na Críocha agus na pobail faoi riail choilíneach'.

11. Ina Tuairim Chomhairleach maidir leis an Sahára Thiar, dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta ('CBI') stádas an tSahára Thiar mar NSGT agus ceart féinchinntiúcháin dá mhuintir.[14]

12. Measann Ríocht Mharacó gur cuid dá chríoch cheannasach í críoch an tSahára Thiar mar chuid dá chríoch cheannasach, lena n-áirítear na huiscí in aice léi.

13. Sa bhliain 1975, shínigh an Spáinn, Ríocht Mharacó, agus Poblacht Ioslamach na Máratáine an Dearbhú Prionsabal maidir leis an Sahára Thiar (ar a dtugtar 'na Comhaontuithe Mhaidrid' freisin),[15] trínar roinneadh críoch an tSahára Thiar idir an dá Stát deiridh.[16] Go gairid ina dhiaidh sin, i mí Eanáir 1976, chuaigh arm Mharacó isteach i gcríoch an tSahára Thiar.

14. De réir teileagram taidhleoireachta SAM ó 1975 ón Státrúnaí H. Kissinger, mar chuid den chaibidlíocht a bhain leis na Comhaontuithe Mhaidrid, mar mhalairt ar a tarraingt siar ón gcríoch sin, bhí an Spáinn le 'cearta iascaireachta … in uiscí an tSahára agus 35 faoin gcéad de rannpháirtíocht Spáinneach i mianaigh fhosfáite' a fháil.[17]

12 Rún 2229 (XXI) ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 20 Nollaig 1966, *An Cheist maidir le hIfni agus Sahára na Spáinne*.

13 Rún 2554 (XXIV) ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 12 Nollaig 1969, *Gníomhaíochtaí leasanna eacnamaíocha eachtracha agus leasanna eile lena gcuirtear bac ar chur chun feidhme an Dearbhaithe maidir le Neamhspleáchas a Bhronnadh do Thíortha agus do Phobail Choilíneacha sa Róidéis Theas agus sa Namaib agus i gCríocha eile atá faoi fhorlámhas na Portaingéile agus i ngach Críoch eile atá faoi fhorlámhas coilíneach agus ar iarrachtaí maidir le deireadh a chur leis an gcoilíneacht, cinedheighilt agus idirdhealú cinioch i ndeisceart na hAfraice*.

14 Tuairim Chomhairleach maidir leis an Sahára Thiar (Tuarascálacha CBI 1975, lch. 12).

15 Féach Sraith Conarthaí na Náisiún Aontaithe, Iml. 988, lch. 259.

16 Cuirtear i gcoinne feidhm dhlíthiúil Chomhaontuithe Maidrid; féach, mar shampla, Simon, S. 'Western Sahara', in Walter, C., von Ungern-Sternberg, A. and Abushov, K (eag.)., *Self-determination and secession in international law*, Oxford University Press, Oxford, 2014, lch. 260 (ina gcaitear amhras ar cibé an bhféadfadh leis na Comhaontuithe Maidrid, in ainneoin a chláraithe mar chonradh le Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe, ceannasacht a aistriú go sainráite, 'toisc nach raibh aon cheart ag an Spáinn fáil réidh le críoch ar le muintir na críche sin í'). Féach freisin Tuairim an Abhcóide Ginearálta Wathelet in *Western Sahara Campaign* (C-266/16, EU:C:2018:1, míreanna 161 agus 162) (ina mínítear gur mar gheall ar an easpa comhaontaithe ag leibhéal Chomhthionóil Ghinearálta na Náisiún Aontaithe maidir le conas ba cheart na Comhaontuithe Mhaidrid a thuiscint, ritheadh dhá rún ina bhfuil ábhar éagsúil iontu, rún nach ndéantar aon tagairt don chomhaontú sin agus lena leantar ar aghaidh le caitheamh leis an Spáinn mar an 'cumhacht riaracháin' agus rún nach dtagraítear do chumhacht riaracháin ach don 'riarachán eatramhach').

17 Féach teileagram 1975STATE276309 an 21 Samhain 1975 ó Státrúnaí H. Kissinger um Buanionadaíocht Stáit Aontaithe Mheiriceá chuig na Náisiúin Aontaithe, arna lua i dTuairim an Abhcóide Ginearálta Wathelet in *Western Sahara Campaign* (C-266/16, EU:C:2018:1, fonóta 121). Ina Thuairim, míníonn an tAbhcóide Ginearálta Wathelet freisin 'gur aontaigh toscaireachtaí na Spáinne, Maracó agus na Máratáine cearta iascaireachta a aithint sna huiscí in aice leis an Sahára Thiar i bhfabhar 800 soitheach Spáinneach ar feadh tréimhse 20 bliain de réir na coinníollacha céanna leo siúd a bhí ann cheana féin an 14 Samhain 1975'. *Ibid*. fonóta 118.

15. An 26 Feabhra 1976, chuir an Spáinn in iúl d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe go raibh deireadh curtha lena láithreacht sa Sahára Thiar agus go raibh a seasamh tréigthe mar an chumhacht riaracháin faoi Airteagal 73 de Chairt na Náisiún Aontaithe. [18]

16. Sa bhliain 1985, tar éis a n-aontachais le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (an tráth sin), ghabh an Comhphobal air féin freagracht a ghlacadh as comhaontuithe iascaigh a thug an Spáinn agus an Phortaingéil i gcrích le Ríocht Mharacó roimhe sin. [19]

17. Sna blianta 1988, 1992 agus 2006, chuaigh Comhphobal (Eacnamaíochta) na hEorpa i mbun a chomhaontuithe earnála iascaigh féin le Ríocht Mharacó. [20]

18. I raon feidhme chur i bhfeidhm na gcomhaontuithe sin, cuimsíodh 'críoch Mharacó agus na huiscí faoi dhlínse Mharacó', [21] gan teorainn na limistéar muirí arna gcumhdach a shoiléiriú go sonrach.

19. Príomhghné de na comhaontuithe uile sin ab ea ranníocaíochtaí airgeadais a íoc le Ríocht Mharacó, i bpáirt mar chomaoin ar na húdaráis Ríocht Mharacó ceadúnais do shoithí iascaireachta an Aontais a eisiúint. [22]

20. I bprótacail ar leithligh, a bhí bailí ar feadh tréimhse 4 bliana faoi seach agus a bhí ina gcuid dhílis de na comhaontuithe sin, leagadh síos freisin na deiseanna iascaireachta a thugtar do shoithí iascaireachta an Aontais, a ré, agus a gcoinníollacha úsáide. [23]

21. Maidir leis an bprótacal deireanach ina leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus na ranníocaíochtaí airgeadais (is é sin, Prótacal Cur Chun Feidhme 2013), [24] a bhí ag gabháil leis an gComhaontú Iascaigh 2006, chuaigh sé in éag an 14 Iúil 2018. [25]

18 Is cuid de Chaibidil XI de Chairt na Náisiún Aontaithe í an fhoráil sin, ina ndéileáiltear le críocha neamh-féinrialaitheacha. Ceanglaítear leis, ar chomhaltaí de chuid na Náisiún Aontaithe 'a bhfuil freagrachtaí orthu nó a ghlacann freagrachtaí as riaradh na gcríoch nach bhfuil cineál áirithe féinrialaithe iomlán bainte amach ag a bpobal', *inter alia*, 'féinrialú a fhorbairt [do na pobail sin], chun uaillmhianta polaitiúla na bpobal a chur san áireamh go cuí, agus chun cabhrú leo le forbairt fhorásach a gcuid institiúidí polaitíochta saora.'

19 Cinneadh 87/442/CEE ón gComhairle an 13 Lúnasa 1987 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha ar shocruithe iascaigh idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Mharacó, is infheidhme ar réamhbhonn ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig 1987 (IO 1987 L 232, lch. 18) agus Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha ar shocruithe iascaigh idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Mharacó, is infheidhme ar réamhbhonn ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig 1987 (IO 1987 L 232, lch. 19) (ina sonraítear, i bhfianaise aontachas na Spáinne agus na Portaingéile, agus go dtí go dtabharfar comhaontú iascaigh Mharacó-CEE i gcrích 'Molann Maracó don Chomhphobal na deiseanna iascaireachta a dheonaítear faoi chomhaontú iascaigh Mharacó-na Spáinne an 1 Lúnasa 1983 a shíneadh go dtí deireadh mhí na Nollag 1987'). Féach freisin Airteagail 354 agus 355 den Ionstraim maidir le coinníollacha aontachais de Ríocht na Spáinne agus de Phoblacht na Portaingéile agus na coigeartuithe ar na Conarthaí (IO 1985 L 302, lch. 23).

20 Féach Comhaontú maidir le caidreamh san earnáil iascaigh mhara idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Mharacó (IO 1988 L 99, lch. 49) ('an Comhaontú 1988'); Comhaontú maidir le caidreamh san earnáil iascaigh mhara idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht Mharacó (IO 1992 L 407, lch. 3) ('an Comhaontú 1992'); agus Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir na Comhphobail Eorpacha agus Ríocht Mharacó (IO 2006 L 141, lch. 4) ('an Comhaontú Iascaigh 2006').

21 Féach Airteagal 1 den Chomhaontú 1988; Airteagal 1 den Chomhaontú 1992; agus Airteagal 11 den Chomhaontú Iascaigh 2006.

22 Féach Airteagal 2(2) agus Airteagal 6 den Chomhaontú 1988, Airteagal 2(2) agus Airteagal 7 den Chomhaontú 1992 agus Airteagail 6 agus 7 den Chomhaontú Iascaigh 2006.

23 Airteagail 5 agus 7 den Chomhaontú 1988 agus Prótacal Uimh. 1 lena leagtar amach deiseanna iascaireachta a thabharfaidh Maracó agus an cúiteamh a thabharfaidh an Comhphobal don tréimhse ón 1 Márta 1988 go dtí an 29 Feabhra 1992 (IO 1988 L 99, lch. 61); Airteagail 7 agus 9 den Chomhaontú 1992 agus Prótacal lena leagtar amach deiseanna iascaireachta agus an cúiteamh airgeadais agus na ranníocaíochtaí airgeadais a thabharfaidh an Comhphobal (IO 1992 L 407, lch. 15); agus Airteagail 5 go 7 den Chomhaontú 2006 agus den Phrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus na ranníocaíochtaí airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht Mharacó (IO 2006 L 141, lch. 9).

24 Prótacal idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus na ranníocaíochta airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó (IO 2013 L 328, lch. 2) ('an Prótacal Cur Chun Feidhme 2013').

25 Cinneadh atá faoi chonspóid, aithris 2. Féach freisin, chuige sin, breithiúnas faoi achomharc, mír 29.

22. Chuir breithiúnas na Cúirte in *Western Sahara Campaign UK* isteach ar infheidhmeacht Chomhaontú Iascaigh 2006 agus Prótacal Cur Chun Feidhme 2013 maidir leis na huiscí cóngarach do chríoch an tSahára Thiar.

B. An Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe

1. Cúlra nós imeachta

23. In 2018, chinn an Chúirt nár cumhdaíodh leis an gComhaontú Iascaigh 2006 críoch an tSahára Thiar ná na huiscí atá taobh leis toisc nach bhféadfadh baint a bheith ag na téarmaí 'críoch Ríocht Mharacó' agus na 'huiscí a thagann faoina cheannasacht nó faoina dlínse' le NSGT an tSahára Thiar.[26] Ar an gcaoi chéanna, maidir le Prótacal Cur Chun Feidhme 2013, tháinig an Chúirt ar an tátal nach raibh na huiscí cóngarach do chríoch an tSahára Thiar san áireamh sa téarma 'crios iascaireachta Mharacó'.[27]

24. Sa bhrí sin, rinne an Chúirt léiriú na dtéarmaí sin a ailíniú le téarmaí comhchosúla a bhí i gceist ina breithiúnas in *an Chomhairle v Front Polisario*. Sa bhreithiúnas sin, tháinig an Chúirt ar an gconclúid nach bhféadfaí an coincheap de 'chríoch Ríocht Mharacó' a léiriú mar choincheap a shíneann go dtí críoch an tSahára Thiar.[28]

25. Tar éis bhreithiúnas na Cúirte in *Western Sahara Campaign UK*, le cinneadh an 16 Aibreán 2018,[29] 'd'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Ríocht Mharacó d'fhonn an Comhaontú a leasú agus Prótacal Cur Chun Feidhme nua a chomhaontú'.[30]

26. An 14 Eanáir 2019, shínigh an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, an Prótacal Cur Chun Feidhme agus an Malartú Litreacha, atá mar chuid den chomhaontú sin.[31]

27. Sa Mhalartú Litreacha, tugtar dá haire, sa chuid ábhartha, go 'n-athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó a dtacaíocht do phróiseas na Náisiún Aontaithe agus d'iarrachtaí an Ardrúnaí réiteach polaitiúil deiridh a bhaint amach i gcomhréir le prionsabail agus le cuspóirí [Chairt na Náisiún Aontaithe] agus ar bhonn rún ón gComhairle Slándála'.

28. Ordaítear freisin sa Mhalartú Litreacha 'go dtabharfar an Comhaontú Iascaigh i gcrích gan dochar do sheasaimh na bPáirtithe faoi seach', rud a chiallaíonn, don Aontas Eorpach, 'go bhfuil na tagairtí sa Chomhaontú Iascaigh do dhlíthe agus rialacháin Mharacó gan dochar dá sheasamh maidir le stádas chríoch neamh-féinrialaitheach an tSahára Thiar, a bhfuil a n-uiscí cóngaracha ina gcuid den limistéar iascaireachta a shainmhínítear i bpointe (h) d'Airteagal 1 den Chomhaontú Iascaigh, agus dá cheart féinchinntiúcháin' agus, do Ríocht Mharacó, ciallaíonn sé go bhfuil 'réigiún an tSahára ina chuid dhílis den chríoch náisiúnta a bhfuil ceannasacht iomlán aige uirthi ar an mbealach céanna leis an gcuid eile den chríoch náisiúnta.'

26 Féach, chuige sin, *Western Sahara Campaign UK*, míreanna 62 go 64, 69 agus 73.

27 Féach *Western Sahara Campaign UK*, mír 79

28 Féach *Western Sahara Campaign UK*, míreanna 61 agus 62.

29 Féach doiciméad 9716/17 ón gComhairle – Toradh chruinniú na Comhairle (3544ú cruinniú den Chomhairle, Iomaíochas (Margadh Inmheánach, Tionscal, Taighde agus Spás)), lch. 22.

30 Cinneadh atá faoi chonspóid, aithris 6.

31 Féach Airteagal 16 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe.

29. Le Cinneadh an 4 Márta 2019 atá faoi chonspóid, d'fhormheas an Chomhairle thar ceann an Aontais Eorpaigh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, an Prótacal Cur Chun Feidhme agus an Malartú Litreacha. In aithrisí 3, 5 agus 7 go 11 den chinneadh sin, sonraítear an méid seo a leanas:

'(3) Ina breithiúnas i gCás C-266/16 mar fhreagra ar iarraidh ar réamhrialú maidir le bailíocht agus léiriú an Chomhaontaithe agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis, chinn an Chúirt nach raibh feidhm ag an gComhaontú ná ag an bPrótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis maidir leis na huiscí cóngarach do chríoch an tSahára Thiar.

[…]

(5) Ba cheart go bhféadfadh cabhlaigh an Aontais leanúint de na gníomhaíochtaí iascaireachta a bhí á saothrú acu ó tháinig an Comhaontú i bhfeidhm, agus ba cheart raon feidhme chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe a shainiú ionas go n-áireofaí leis na huiscí atá cóngarach do chríoch an tSahára Thiar. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach leanúint leis an gcomhpháirtíocht iascaigh chun go leanfadh an chríoch sin de thairbhe a bhaint as an tacaíocht earnála a chuirtear ar fáil faoin gComhaontú, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear cearta an duine, agus chun leasa na ndaoine lena mbaineann.

[…]

(7) Is é is cuspóir don Chomhaontú Iascaigh a chur ar chumas an Aontais agus Ríocht Mharacó oibriú le chéile ar bhealach níos dlúithe chun beartas iascaigh inbhuanaithe agus saothrú fónta acmhainní iascaigh sa limistéar iascaireachta arna shainiú sa Chomhaontú Iascaigh a chur chun cinn agus chun tacú le hIarrachtaí Ríocht Mharacó an earnáil iascaigh agus geilleagar gorm a fhorbairt. Ar an mbealach sin rannchuidítear le cuspóirí an Aontais a bhaint amach faoi Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(8) Rinne an Coimisiún measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gComhaontú Iascaigh maidir le forbairt inbhuanaithe, go háirithe maidir leis na tairbhí do na daoine lena mbaineann agus maidir le saothrú acmhainní nádúrtha na gcríoch lena mbaineann.

(9) I gcomhréir leis an meastóireacht sin, meastar gur cheart go mbeadh an Comhaontú Iascaigh an-tairbheach do na daoine lena mbaineann i ngeall ar an tionchar dearfach socheacnamaíoch ar na daoine sin, go háirithe ó thaobh fostaíochta agus infheistíochta de, agus de bharr an tionchair a bheidh aige ar fhorbairt an earnáil iascaigh agus an earnáil próiseála éisc.

[…]

(11) I bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i mbreithiúnas na Cúirte Breithiúnais, ghlac an Coimisiún, in éineacht leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí [("SEGS")], gach beart réasúnach agus indéanta sa chomhthéacs reatha chun rannpháirtíocht chuí a thabhairt do na daoine lena mbaineann d'fhonn a dtoiliú a fháil. Rinneadh comhairliúcháin fhairsing sa Sahára Thiar agus i Ríocht Mharacó, agus ba léir go raibh na gníomhaithe socheacnamaíocha agus polaitiúla a ghlac páirt sna comhairliúcháin i bhfabhar an Comhaontú Iascaigh a thabhairt i gcrích. Mar sin féin, níor ghlac Polisario Front ná roinnt páirtithe eile páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin'.

2. Raon feidhme an chur i bhfeidhm

30. Tá raon chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe leagtha síos in Airteagal 14 de. De bhun na forála sin, 'beidh feidhm ag an gComhaontú seo maidir leis na críocha atá faoi réir, ar thaobh amháin, an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus ar an taobh eile, na ndlíthe agus na rialachán dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Chomhaontú seo'.

31. Mínítear ar a seal in Airteagal 6(1) den chomhaontú céanna 'go gcomhlíonfaidh soithí an Aontais a oibríonn sa limistéar iascaireachta dlíthe agus rialacháin Mharacó lena rialaítear gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar sin, mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo'. [32]

32. Sainmhínítear an 'limistéar iascaireachta' in Airteagal 1(h) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe mar seo leanas: 'uiscí an Aigéin Atlantaigh Thoir Láir idir na línte domhanleithid 35° 47' 18" ó thuaidh agus 20° 46' 13" ó thuaidh, lena n-áirítear uiscí cóngaracha an tSahára Thiar[[33]], lena gcumhdaítear gach limistéar bainistíochta; ní dhéanfaidh an sainmhíniú seo difear d'aon chaibidlíocht maidir le teorannú na limistéar farraige de chuid na Stát cósta atá ar an teorainn leis an limistéar iascaireachta nó do chearta tríú tíortha i gcoitinne'.

33. De réir na Cúirte Ginearálta, tá an teorainn idir an Sahára Thiar agus Ríocht Mharacó ag líne dhomhanleithid 27°42'N (Pointe Stafford). [34]

34. Dá bhrí sin, 'áirítear leis na comhordanáidí geografacha dá dtagraítear [*inter alia* in Airteagal 1(h) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe] na huiscí a thagann faoi cheannasacht nó faoi dhlínse Ríocht Mharacó agus na huiscí atá cóngarach don Sahára Thiar araon'. [35]

3. Cúiteamh airgeadais

35. Faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, aontaíonn an tAontas Eorpach go n-íocfar ranníocaíocht airgeadais le Ríocht Mharacó.

36. Dealraíonn sé gurb é EUR 208 700 000 luach iomlán na ranníocaíochtaí sin do thréimhse bhailíochta an Phrótacail Cur Chun Feidhme, [36] is é sin an 18 Iúil 2019 go dtí an 17 Iúil 2023. [37]

32 Le hAirteagal 2 den Phrótacal Cur Chun Feidhme, nasctar leis an raon feidhme chur i bhfeidhm sin trína shonrú gurb é 'cuspóir an Phrótacail seo forálacha an Chomhaontaithe Iascaigh a chur chun feidhme, lena leagtar síos go háirithe na coinníollacha maidir le rochtain ag soithí de chuid an Aontais ar an limistéar iascaireachta arna shainiú in Airteagal 1(h) de, agus forálacha cur chun feidhme an [Comhaontú] Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe'.

33 Sonraítear an méid seo a leanas i bhfonóta 1: 'Réigiún an tSahára de réir sheasamh Mharacó'.

34 Breithiúnas faoi achomharc, mír 212.

35 Breithiúnas faoi achomharc, mír 111.

36 Féach Airteagal 4 den Phrótacal Cur Chun Feidhme.

37 Féach Airteagal 16 den Phrótacal Cur Chun Feidhme, arna léamh taobh leis an bhFaisnéis maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó, an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis agus an malartú litreacha a ghabhann leis an gComhaontú (IO 2019 L 195, lch. 1).

37. Tá an ranníocaíocht sin comhdhéanta de '(a) chúiteamh airgeadais arna dheonú ag an Aontas as rochtain a bheith ag soithí an Aontais ar an limistéar iascaireachta; (b) táillí atá le híoc ag úinéirí shoithí an Aontais; (c) tacaíocht earnála arna dheonú ag an Aontas chun beartas iascaigh inbhuanaithe agus rialachas aigéin a chur chun feidhme, faoi réir clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil'. [38]

38. I dtaca le Ríocht Mharacó, úsáidfidh sí an ranníocaíocht airgeadais agus na táillí longúinéirí le haghaidh 'dáileadh cothrom geografach agus sóisialta de na tairbhí socheacnamaíocha chun a áirithiú go rachaidh an cúiteamh chun tairbhe na bpobal ábhartha'. [39]

39. Ní cosúil go bhfuil an tacaíocht earnála a fhaightear ón Aontas Eorpach faoi réir na hoibleagáide dáileacháin sin ach 'rannchuideoidh sí le beartas earnála a fhorbairt agus a chur chun feidhme mar chuid den straitéis forbartha náisiúnta don earnáil iascaigh'. [40]

40. Chun na críche sin, ní mór do Ríocht Mharacó a chur faoi bhráid an Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe [41] agus comhdhéanta d'ionadaithe ó Ríocht Mharacó agus ón Aontas Eorpach, [42] 'modh chun dáileadh geografach agus sóisialta [na gcistí sin] a áirithiú [….] agus eochair dháileacháin do na méideanna leithdháilte'. [43]

41. Déantar na comhpháirteanna éagsúla den ranníocaíocht airgeadais a bheidh le híoc le húdaráis Mharacó a leithdháileadh faoi mhaoirseacht an Chomhchoiste. [44]

42. Ar deireadh, tá oibleagáid tuairiscithe ar Ríocht Mharacó, agus ní mór dá húdaráis tuarascáil bhliantúil a eisiúint, chomh maith le tuarascáil deiridh sula rachaidh an Prótacal Cur Chun Feidhme in éag. [45]

4. Deiseanna iascaireachta agus a mbainistiú

43. Tá deiseanna iascaireachta á rialú ag an bPrótacal Cur Chun Feidhme, a dhéantar a athnuachan gach 4 bliana.

38 Airteagal 12(2)(c) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe.

39 Féach Airteagal 12(4) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus Airteagal 6(1) den Phrótacal Cur Chun Feidhme. Féach freisin breithiúnas faoi achomharc, mír 33.

40 Féach Airteagal 7(1) den Phrótacal Cur Chun Feidhme. I gcodarsnacht le haithris 5 den chinneadh atá faoi chonspóid, ina mínítear 'go bhfuil sé ríthábhachtach leanúint leis an gcomhpháirtíocht iascaigh chun go leanfaidh [críoch an tSahára Thiar] de thairbhe a bhaint as an tacaíocht earnála a chuirtear ar fáil faoin gComhaontú, […] chun leasa na ndaoine lena mbaineann.'

41 Féach Airteagal 13 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe. Mar a léirítear i mír 1 de, tá an coiste sin comhdhéanta d'ionadaithe ón Aontas Eorpach agus ó Ríocht Mharacó. Féach freisin breithiúnas faoi achomharc, mír 215.

42 Féach Airteagal 13 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus an breithiúnas faoi achomharc, mír 314.

43 Airteagal 6(2) den Phrótacal Cur Chun Feidhme. Ní féidir liom ach a thoimhdiú gur chuir Ríocht Mharacó í féin an 'modh chun an dáileadh geografach agus sóisialta a áirithiú' chomh maith leis an 'eochair dáileacháin' féin faoi bhráid an Chomhchoiste toisc nach bhfuil ceachtar de na heilimintí sin ina cuid den chomhad cúirte, ag an gcéadchéim ná ar achomharc.

44 Féach Airteagal 4(2) agus Airteagail 6 go 8 den Phrótacal Cur Chun Feidhme. Féach freisin breithiúnas faoi achomharc, mír 314. Níl aon doiciméid a bhaineann le maoirseacht nó próiseas cinnteoireachta an Chomhchoiste sa chomhad cúirte ag an gcéadchéim ná sa chomhad ar achomharc. Sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, mheas an Chúirt Ghinearálta gurb é an bhrí a bhí le hoibleagáid dáileacháin 'go ngeallann na páirtithe a áirithiú go mbainfidh na daoine ábhartha, lena n-áirítear iad siúd den Sahára Thiar, leas as na tairbhí sin ar bhealach atá comhréireach leis na gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar arna shainiú sa chomhaontú sin, lena n-áirítear na huiscí atá cóngarach don chríoch sin, gan foráil a dhéanamh d'aon eisceacht ón bprionsabal sin' (breithiúnas faoi achomharc, mír 213).

45 Airteagal 6(4) agus (5) den Phrótacal Cur Chun Feidhme.

44. Mar a mhínigh mé, an 17 Iúil 2023 chuaigh an prótacal in éag, a síníodh nuair a tugadh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe i gcrích. [46]

45. Amhail an dáta a scríobhtar an Tuairim seo, ní dhearna aon phrótacal nua a chaibidliú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó.

46. D'fhonn gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar atá cumhdaithe ag an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, ní mór do shoithí an Aontais údarú iascaireachta a fháil ar dtús. [47]

47. Faightear an t-údarú sin mar mhalairt ar tháillí bliantúla longúinéirí a thuairiscítear i mír 37 den Tuairim seo a íoc.

48. Is í an Roinn Iascaigh Mhara den Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh Mhuirí, Forbairt Tuaithe, Uisce agus Foraoisí de chuid Ríocht Mharacó a eisíonn na húdaruithe sin. [48]

49. Faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, ní fhéadfaidh soithí de chuid an Aontais a oibríonn sa 'limistéar iascaireachta' 'ach barrachas gabhála incheadaithe dá dtagraítear in Airteagal 62(2) agus (3) de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige [...] arna shainaithint [...] ar bhonn na comhairle eolaíche ábhartha atá ar fáil agus ar bhonn na faisnéise ábhartha atá ar fáil […] maidir leis an iarracht iascaireachta iomlán a dhéanann na cabhlaigh go léir a oibríonn sa limistéar iascaireachta ar na stoic lena mbaineann.' [49]

50. Ag an éisteacht, mhínigh an Chomhairle agus an Coimisiún, go praiticiúil, gurb í Ríocht Mharacó a chinneann an teorainn seo tar éis measúnú a dhéanamh ar chumas iascaireachta iomlán na stoc éisc áitiúil, ar a cuid iarrachtaí iascaireachta intíre, agus ar an gcion atá fágtha a fhéadtar a ghabháil go hinbhuanaithe. [50]

51. I dTuarascáil Bhliantúil 2021 an Chomhchoiste [51] agus sa Mheastóireacht Dheiridh 2023 [52] míníodh gur saothraíodh go hiomlán nó go ndearnadh róshaothrú ar gach stoc seachas dhá chineál stoic sa 'limistéar iascaireachta'. [53] Níor measadh 'nár saothraíodh go hiomlán' ach na stoic le haghaidh an déadach mórshúileach (*Dentex macrophtalmus*) agus sairdíní (*S. pilchardus*). [54]

46 Féach Airteagal 16 den Phrótacal Cur Chun Feidhme.

47 Féach Airteagal 5(1) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus an iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal Cur Chun Feidhme. Féach freisin mír 209 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, ina míníonn an Chúirt Ghinearálta go bhfuil 'an cúram ar Ríocht Mharacó comhordanáidí beachta na limistéar bainistíochta sin a chinneadh mar aon le limistéir laistigh díobh ina bhfuil toirmeasc ar an iascaireacht, toisc nach socraítear sna sonraí iascaireachta thuasluaite ach na huasteorainneacha do na limistéir bhainistíochta sin'.

48 Féach Airteagal 1(j) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, arna léamh taobh le hAirteagal 1(6) agus (9) den Phrótacal Cur Chun Feidhme.

49 Airteagal 3(4) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe.

50 Mhínigh na hinstitiúidí sin freisin go ndéanfaí thart ar 20 % den bharrachas sin a leithdháileadh ar shoithí iascaireachta an Aontais.

51 Rapport de la Réunion annuelle du Comité Scientifique Conjoint relatif à l'Accord de pêche signé entre le Royaume du Maroc et l'Union européenne 2021 (ar fáil ar: https://oceans-and-fisheries.ec.europa.eu/system/files/2022-03/report-jsc-morocco-2021_fr.pdf ('an Tuarascáil Bhliantúil 2021')

52 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta, Defaux, V., Caillart, B., Guélé, M., Évaluation rétrospective et prospective du Protocole à l'accord de partenariat dans le domaine de la pêche durable entre l'Union européenne et le Royaume du Maroc – Rapport final (ar fáil ar: https://data.europa.eu/doi/10.2771/785958 ('an Mheastóireacht Dheiridh 2023').

53 Féach an Tuarascáil Bhliantúil 2021, lgh. 15, 27 go 28, 37, 67, 91 go 93 agus an Mheastóireacht Dheiridh 2023, lgh. 26 go 28 agus 114 go 116.

54 Féach an Tuarascáil Bhliantúil 2021, lgh. 37, 86 agus 90 agus an Mheastóireacht Dheiridh 2023, lgh. 26 go 28 agus 115 go 116.

C. An breithiúnas faoi achomharc

52. An 10 agus an 12 Meitheamh 2019, thionscain Front Polisario caingne ag iarraidh *inter alia* go ndéanfaí an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.

53. An 29 Meán Fómhair 2021, thug an Chúirt Ghinearálta an breithiúnas atá faoi achomharc, trínar chuir sí an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní. [55]

54. Maidir le hinghlacthacht na caingne, dhíbh an Chúirt Ghinearálta an dá phríomh-shaincheist dlí um inghlacthacht ón gCoimisiún agus ón gComhairle maidir le cumas Front Polisario imeachtaí a thionscnamh agus maidir lena sheasamh i ndáil leis an gcinneadh atá faoi chonspóid. [56]

55. Maidir le substaint na caingne, dhíbh an Chúirt Ghinearálta an chéad fhoras neamhnithe a bhí ag Front Polisario maidir le heaspa cumais líomhainte na Comhairle an cinneadh atá faoi chonspóid a ghlacadh. [57]

56. Os a choinne sin, sheas sé le tríú foras neamhnithe Front Polisario maidir le hoibleagáid na Comhairle cloí leis na ceanglais a thagann ón gcásdlí a bhaineann leis an gceart féinchinntiúcháin agus le prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí. [58] Ní dhearna an Chúirt Ghinearálta scrúdú ar na forais neamhnithe eile a d'ardaigh Front Polisario.

D. Nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

57. Leis na hachomhairc a taisceadh an 14 Nollaig 2021 agus an 16 Nollaig 2021, iarrann an Coimisiún agus an Chomhairle faoi seach go gcuirfidh an Chúirt an breithiúnas atá faoi achomharc ar neamhní ina iomláine, rialú a thabhairt maidir leis na saincheisteanna a ardaítear, an chaingean ag an gcéadchéim a dhiúltú, agus a ordú do Front Polisario na costais a íoc. Mar mhalairt air sin, iarrann na hinstitiúidí sin go seasfaidh an Chúirt le héifeachtaí an chinnidh atá faoi chonspóid go ceann tréimhse dhá mhí dhéag ón dáta a thabharfar a breithiúnas.

58. Tacaíonn an Chambre des pêches maritimes de la Méditerranée agus Páirtithe eile, agus Rialtais na Beilge, na Spáinne, na Fraince, na hUngáire, na Portaingéile agus na Slóvaice leis an mbeart sin.

59. Tionóladh éisteacht an 23 agus an 24 Deireadh Fómhair 2023 inar chuir an Coimisiún, an Chomhairle, Front Polisario, an Chambre des pêches maritimes de la Méditerranée agus Páirtithe eile, agus Rialtais na Beilge, na Fraince, na Spáinne agus na hUngáire barúlacha ó bhéal i láthair.

[55] Mar sin féin, chinn an chúirt sin freisin, éifeachtaí an chinnidh atá faoi chonspóid a choimeád ar feadh tréimhse nach faide ná an tréimhse dá dtagraítear sa chéad mhír d'Airteagal 56 de Reacht na Cúirte Breithiúnais, nó, i gcás ina dtaiscfear achomharc laistigh den tréimhse sin, go dtí go mbeidh a breithiúnas tugtha ag an gCúirt Bhreithiúnais. Breithiúnas faoi achomharc, mír 369.

[56] Breithiúnas faoi achomharc, míreanna 132 go 159 agus 171 go 268.

[57] Breithiúnas faoi achomharc, míreanna 270 go 274.

[58] Breithiúnas faoi achomharc, míreanna 276 go 396.

III. Anailís

A. Maidir leis an léiriú ar an dlí idirnáisiúnta

60. Leis na hachomhairc seo cuirtear i gcoinne bailíocht chinneadh an Aontais Eorpaigh comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích i bhfianaise rialacha an dlí idirnáisiúnta atá ina gceangal ar an Aontas Eorpach, níos beaichte i bhfianaise dhá phrionsabal an dlí idirnáisiúnta ghnách – an ceart féinchinntiúcháin agus prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí. [59]

61. I gcomparáid le dlíchóras an Aontais nó le dlíchóras a chuid Ballstát, níl an dlíchóras idirnáisiúnta chomh dlúth céanna agus, i dtéarmaí aonfhoirmeacht bhrí rialacha an chórais sin a chinneadh, is dlíchóras i bhfad níos díláraithe é.

62. Fiú má tá a chóras foinsí dlí féin ag an dlí idirnáisiúnta, [60] agus roinnt rialacha léirithe a nglactar leo go ginearálta, [61] níl léirmhínitheoir deiridh amháin aige lena gceanglaítear lena léirithe na rannpháirtithe uile den chóras. [62]

63. Chuige sin, sa léiriú ar ábhar na rialacha an dlí idirnáisiúnta ghnách ar cuid de chóras dlí an Aontais iad, níl institiúidí an Aontais, lena n-áirítear Cúirteanna an Aontais, teoranta ag léirithe éagsúla na rialach céanna ag ábhair eile de dhlí idirnáisiúnta. [63]

64. Mar sin féin, agus brí an dlí idirnáisiúnta á fhorléiriú chun críocha dhlíchóras an Aontais Eorpaigh, ba cheart don Chúirt a shuíomh cibé acu ar baineadh amach leibhéal áirithe comhaontaithe maidir le brí rialach ar leith ar leibhéal an dlí idirnáisiúnta. Tagann sé sin chun cinn, dar liomsa, as gealltanas an Aontais Eorpaigh rannchuidiú leis an dlí idirnáisiúnta a urramú go docht agus a fhorbairt, dá bhforáiltear in Airteagal 3(5) CAE.

65. Ar an mbealach céanna nach bhfuil institiúidí an Aontais faoi cheangal ag léirithe ar an dlí idirnáisiúnta ag ábhair eile den dlíchóras sin, níl an léiriú a shannann an Chúirt do riail an dlí idirnáisiúnta ina cheangal ach amháin laistigh de dhlíchóras an Aontais. Mar sin féin, agus an

59 Ina breithiúnais in *an Chomhairle v Front Polisario* agus *Western Sahara Campaign UK*, mheas an Chúirt gur gnáthphrionsabal é an ceart féinchinntiúcháin a shainítear in Airteagal 1 de Chairt na Náisiún Aontaithe, agus gur prionsabal ginearálta den dlí idirnáisiúnta é prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí arna chódú i gCoinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí, arna thabhairt chun críche i Vín an 23 Bealtaine 1969 (*Sraith Conarthaí na Náisiún Aontaithe*, Iml. 1155, lch. 331) ('an VCLT'), agus an dá riail ina gceangal ar an Aontas Eorpach. Féach, chuige sin, *an Chomhairle v Front Polisario*, mír 88 agus *Western Sahara Campaign UK*, mír 63..

60 De réir Airteagal 38(1) de Reacht an CBI, is conarthaí agus coinbhinsiúin, nósanna, prionsabail ghinearálta an dlí, agus cinntí agus teagasc breithiúnach iad na foinsí atá ag an dlí idirnáisiúnta. Féach freisin, go ginearálta, Shaw, M. N., *International Law*, Cambridge University Press, Cambridge, 2006, lch. 69 *et seq*.

61 Bunaítear le hAirteagail 31 go 33 de VCLT, rialacha maidir leis an léiriú ar chonarthaí idirnáisiúnta. D'fhéadfaí go dtuigfí cuid de na rialacha sin mar chódú an dlí idirnáisiúnta ghnách. Ar an taobh eile, ceanglaítear leis an ngnáthdlí idirnáisiúnta ar an léirmhínitheoir a shuíomh ar dtús cibé an ionann riail áirithe agus nós, agus ansin a bhrí a léiriú i gcás áirithe. Tá gá mar sin leis an gcleachtas agus an *opinio juris* de Stáit a bhunú. Tríd an gcleachtadh sin, d'fhéadfadh brí eile a bheith ag nós i gcóras nach bhfuil léirmhínitheoir údarásach amháin ann. Maidir leis an difríocht idir teacht ar *chinneadh* gur gnáthriail den dlí idirnáisiúnta gnách í riail áirithe agus an *léiriú* ina dhiaidh sin d'ábhar na rialach sin, féach, Merkouris, P., 'Interpretation of Customary International Law: Delineating the States in Its Life Cycle', in Merkouris, P., Follesdal, A., Ulfstein, G., Westerman, P. (eag.), *The interpretation of customary international law in international courts: Methods of interpretation, normative interactions and the role of coherence*, Cambridge University Press, Cambridge, 2023, lch. 136.

62 De réir Airteagal 38(1)(d) den Reacht CBI, ní ach bealach tánaisteach amháin iad cinntí breithiúnacha, lena n-áirítear cinntí na cúirte sin, chun rialacha an dlí idirnáisiúnta a chinneadh.

63 Le haghaidh samplaí de phatrúin difríochta idir léirithe ar an dlí idirnáisiúnta, féach Roberts, A., 'Patterns of difference and dominance', in Roberts, A., *Is international law international*?, Oxford University Press, Oxford, 2017, lch. 232 *et seq*.

bhrí á cur i leith riail an dlí idirnáisiúnta, tá sé tábhachtach go dtuigeann an Chúirt go mbíonn éifeachtaí ag a léiriú ar réimse an dlí idirnáisiúnta agus go rannchuidíonn sé le cruthú gnáis agus le tógáil a bhrí. [64]

66. Le léiriú ar an dlí idirnáisiúnta laistigh de dhlíchóras an Aontais, ardaítear freisin an cheist faoin gcaidreamh idir Cúirteanna an Aontais agus institiúidí polaitiúla an Aontais maidir le léiriú a dhéanamh ar na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an dlí idirnáisiúnta ar an Aontas Eorpach.

67. I mbeartas seachtrach an Aontais Eorpaigh, tá lánrogha leathan ag institiúidí polaitiúla an Aontais. [65] Is cuid den lánrogha sin é cinneadh comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích le Stát eile, lena n-áirítear an cinneadh cur i bhfeidhm an chomhaontaithe sin a leathnú chuig tríú críoch. Ní féidir leis an gCúirt amhras a chaitheamh ar an rogha sin.

68. Mar sin féin, i gcás ina ndéantar cinneadh beartais maidir le caidreamh le tríú Stát nó le tríú críoch, ní hamháin go bhfuil sé de chumhacht ag an gCúirt athbhreithniú a dhéanamh maidir le cibé an gcomhlíontar le rannpháirtíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh na ceanglais bhunreachtúla a fhorchuirtear leis na Conarthaí AE agus FAE, ach go gceanglaítear uirthi fiú é sin a dhéanamh. [66]

69. Mar a mhínigh an Chúirt ina breithiúnas in *Air Transport America*, 'faoi Airteagal 3(5) CAE, tá an tAontas Eorpach le rannchuidiú leis an dlí idirnáisiúnta a urramú go docht agus a fhorbairt. Dá bhrí sin, nuair a ghlacann sé gníomh, tá sé de cheangal air an dlí idirnáisiúnta a urramú ina iomláine, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta gnách, atá ina cheangal ar institiúidí an Aontais Eorpaigh.' [67]

70. Ina cúram bunreachtúil chun smacht reachta san Aontas Eorpach a áirithiú, ceanglaítear ar an gCúirt, dá bhrí sin, a mheas cibé ar sháraigh institiúidí an Aontais, trí chomhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích, na cearta a bhronntar le gnáthrialacha an dlí idirnáisiúnta ar a ábhair.

71. Ceanglaítear leis sin go ndéanfadh an Chúirt léiriú ar an ábhar de rialacha ábhartha an ghnáthdlí. I gcás ina bhfuil *opinion juris* aonfhoirmeach ann maidir le hoibleagáid dhlíthiúil a bheith ann (amhail an oibleagáid an ceart féinchinntiúcháin NSGT a aithint), ach ní ar a ábhar beacht, ceanglaítear le lánrogha pholaitiúil an Aontais sa chaidreamh seachtrach go ndéanfaí an Chúirt géilleadh don léiriú arna roghnú ag na hinstitiúidí sin.

72. Treoróidh na gnéithe thuasluaite den dlí idirnáisiúnta m'anailís sna hachomhairc seo.

64 Féach, chuige sin, Malenovský, J., 'Le juge et la coutume internationale: perspectives de l'Union européenne et de la Cour de justice', The Law and Practice of International Courts and Tribunals, Iml.12, 2013, lch. 218 agus Odermatt, J., 'The European Union's role in the making and confirmation of customary international law', in Lusa Bordin, F., Müller, A., agus Pascual-Vives, F. (eag.), *The European Union and Customary International Law*, Cambridge University Press, Cambridge, 2023, lgh. 74 agus 75.

65 Féach, chuige sin, breithiúnais an 21 Nollaig 2016, *Swiss International Air Lines* (C-272/15, EU:C:2016:993, mír 24) agus an 9 Meitheamh 2022, *Préfet du Gers and Institut national de la statistique et des études économiques*(C-673/20, EU:C:2022:449, mír 99) (inar mheas an Chúirt, go bhfuil lánrogha leathan ag institiúidí an Aontais i gcinntí beartais, agus caidreamh seachtrach á seoladh acu, agus is gá mar sin go gciallófaí go bhfuil roghanna beartais i gceist).

66 Mheas mé mar sin, fiú amháin i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála, ina bhfuil dlínse na Cúirte teoranta, nach bhféadtar a eisiamh a hinniúlacht rialú a dhéanamh ar cibé an bhfuil gníomhaíocht an Aontais i gcomhréir le cearta bunúsacha. Féach, chuige sin, mo Thuairim i gCásanna Uamtha *KS agus KD* v *an Chomhairle agus Páirtithe Eile agus an Coimisiún* v *KS agus KD* (C-29/22 P agus C-44/22 P, EU:C:2023:901, míreanna 115 go 120). Níor tháinig an cás sin os comhair na Cúirte fós.

67 Féach breithiúnas an 21 Nollaig 2011, *Air Transport Association of America agus Páirtithe eile* (C-366/10, EU:C:2011:864, mír 101).

B. Inghlacthacht

1. Leas

73. Mar a mhínítear i míreanna 36 agus 44 den Tuairim seo, chuaigh an Prótacal Cur Chun Feidhme, lena rialaítear na coinníollacha rochtana ar limistéir iascaireachta atá cóngarach do chríoch an tSahára Thiar, in éag an 17 Iúil 2023. [68]

74. Gan prótacal bailí, ní cheadaítear leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe do shoithí an Aontais rochtain a fháil ar an 'limistéar iascaireachta'.

75. Dheimhnigh an Coimisiún é sin freisin ag an éisteacht.

76. An gciallaíonn sé sin go bhfuil a leas caillte ag Front Polisario leanúint leis na himeachtaí seo? [69]

77. Dar liomsa, níl.

78. Maíonn Front Polisario neamhbhailíocht líomhainte iompair ar thaobh an Aontais Eorpaigh mar thoradh ar thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe le Ríocht Mharacó.

79. De bharr na hagóide a bhaineann leis an gcinneadh atá faoi chonspóid, déantar a phléadáil neamhdhleathachta a shíneadh chuig an 'pacáiste' iomlán arna chomhaontú le Ríocht Mharacó – an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh, an Prótacal Cur Chun Feidhme, agus Malartú Litreacha – agus ní hamháin na héifeachtaí praiticiúla de.

80. Dá réir sin, d'fhéadfadh na hachomhairc seo a bheith mar chúis le ceangal a chur ar an Aontas Eorpach, codanna áirithe den 'phacáiste' sin a athchaibidliú, lena n-áirítear cearta rochtana iascaireachta do chabhlach iascaireachta an Aontais maidir leis na huiscí atá cóngarach do chríoch an tSahára Thiar, críoch a rialaíonn Front Polisario cuid di agus a éilíonn sé go ndéanann sé ionadaíocht di.

81. Dá réir sin ní dhéanfaidh dul in éag an Phrótacail Cur Chun Feidhme difear do leas leanúnach Front Polisario sa chás seo.

[68] Is é sin le rá 4 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Phrótacail Cur Chun Feidhme, arbh é an 18 Iúil 2019; féach Faisnéis maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó, an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis agus an malartú litreacha a ghabhann leis an gComhaontú (IO 2019 L 195, lch. 1).

[69] Is cásdlí socair é nach mór leanúint le cuspóir caingne go dtí go mbeidh breithiúnas críochnaitheach tugtha ag an gCúirt, dá uireasa sin ní bheidh aon ghá le breithniú a dhéanamh air, ag glacadh leis mar sin nach mór cumas a bheith ag caingean atá i gceist, má éiríonn léi, buntáiste a sholáthar don pháirtí a thionscain í) (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Bealtaine 2013, *Abdulrahim* v *an Chomhairle agus an Coimisiún*, C-239/12 P, EU:C:2013:331, mír 15 agus an cásdlí dá dtagraítear).

82. Ar aon nós, is léir, ó thaobh an bhunreachta de, go bhfuil an fhéidearthacht ag na caingne díreacha bunaidh de neamhdhleathacht gníomhaíochta ar thaobh an Aontais Eorpaigh ar an stáitse idirnáisiúnta a shainaithint,[70] agus cosc a chur air sin tarlú arís sa todhchaí.[71]

2. Seasamh agus an fhéidearthacht brath ar an dlí idirnáisiúnta gnách os comhair Chúirteanna an Aontais Eorpaigh

83. Agus a thagaim ar an gconclúid i mo Thuairim chomhthreomhar in *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*, aontaím go ginearálta le conclúid na Cúirte Ginearálta go bhfuil inniúlacht dhlíthiúil agus seasamh dlíthiúil ag Front Polisario chun agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid.[72]

84. Is féidir an argóint chéanna a chur i bhfeidhm ar na hachomhairc seo. Tagraím mar sin do na hargóintí a chuir mé ar fáil sa Tuairim sin agus molaim don Chúirt díriú ar shubstaint na n-achomharc seo.

85. Ina theannta sin, ar an mbealach céanna agus atá i mo Thuairim chomhthreomhar, tá mé den tuairim go bhféadfadh Front Polisario, i bprionsabal, brath ar rialacha an dlí idirnáisiúnta atá os comhair Chúirteanna an Aontais. A luaithe a bheidh na coinníollacha maidir le seasamh comhlíonta, féadfaidh iarratasóirí a thionscnaíonn caingne um neamhniú faoin gceathrú mír d'Airteagal 263 CFAE brath ar na rialacha sin den dlí idirnáisiúnta atá sách soiléir chun ligean do Chúirteanna an Aontais athbhreithniú a dhéanamh ar bhailíocht ghníomhartha institiúidí an Aontais. Dá bhrí sin, sa chás seo, níl cosc ar an gCúirt a cumhacht athbhreithniú breithiúnach a fheidhmiú maidir le comhoiriúnacht an chinnidh atá faoi chonspóid le prionsabail an dlí idirnáisiúnta ghnách a bhfuiltear ag brath orthu, a mhéid is féidir léi a inneachar a léiriú go leibhéal soiléireachta leordhóthanach.

C. Substaint an cháis

86. Mar a mhíním freisin i mo Thuairim chomhthreomhar in *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*, a thugtar inniu freisin,[73] tá sé tábhachtach tús a chur le m'anailís ar na caingne díreacha seo trí bhéim a chur ar raon feidhme teoranta na n-achomharc seo.

87. Tá sé sin amhlaidh toisc, sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, nár scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta ach an chéad agus an tríú saincheist dlí a d'ardaigh Front Polisario, ag diúltú don chéad saincheist dlí agus ag cinneadh go raibh bunús maith leis an tríú saincheist dlí.

70 Féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Bealtaine 2013, *Abdulrahim* v *an Chomhairle agus an Coimisiún* (C-239/12 P, EU:C:2013:331, míreanna 78 agus 79 agus an cásdlí dá dtagraítear) (inar mheabhraigh an Chúirt go bhfuil leas leanúnach ann gníomhú fiú nuair nach bhfuil feidhm a thuilleadh ag gníomh i gcás go bhféadfadh gníomh mídhleathach líomhainte ar thaobh institiúidí an Aontais a bheith sainaitheanta).

71 Féach, mar shampla, breithiúnais an 6 Márta 1979, *Simmenthal* v *an Coimisiún* (92/78, EU:C:1979:53, mír 32); an 24 Meitheamh 1986, *AKZO Chemie agus AKZO Chemie UK* v *an Coimisiún* (53/85, EU:C:1986:256, mír 21); agus an 7 Meitheamh 2007, *Wunenburger* v *an Coimisiún* (C-362/05 P, EU:C:2007:322, mír 50).

72 Féach ar mo Thuairim in *An Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*, míreanna 68 go 91.

73 Féach ar mo Thuairim in *An Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*, mír 64.

88. Mar sin, fiú amháin más rud é go bhféadfadh saincheisteanna eile a bhaineann leis an gceart féinchinntiúcháin a bheith ábhartha sa chás seo, tá an Chúirt teoranta ina dlínse do dhíriú ar na saincheisteanna sin amháin a bhí ina n-ábhar do na breithiúnais in *an Chomhairle* v *Front Polisario* agus in *Western Sahara Campaign UK*.[74]

89. Ar an gcúis sin, ní mór dom a dhéanamh amach ar dtús cén t-ábhar a chuir an Chúirt, sna breithiúnais sin, i leith an chirt féinchinntiúcháin agus phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí (Roinn C.1). Ar an dara dul síos, cé go bhfuil an réasúnaíocht sa bhreithiúnas atá faoi achomharc díreach comhionann go substaintiúil leis an réasúnaíocht atá i gceist in *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-779/21P agus C-799/21P), measaim go bhfuil difríocht idir rialacha an dlí idirnáisiúnta is infheidhme sna hachomhairc seo agus na rialacha atá i gceist sna sraitheanna comhthreomhara achomharc, go háirithe maidir leis an mbealach a dhéantar na comhaontuithe faoi seach a struchtúrú (Roinn C.2). Ar an tríú dul síos, ar an gcúis sin, bainfidh mé de thátal as go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid nuair a chuir sí an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe ar neamhní ar bhonn na réasúnaíochta céanna leis an gceann is bun leis na hachomhairc in *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-779/21P agus C-799/21P) (Roinn C.3). Ar an gceathrú dul síos, agus in ainneoin na conclúide sin, molfaidh mé don Chúirt seasamh leis an mbreithiúnas faoi achomharc, agus mar sin leis an gcinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní, cé gur ar réasúnaíocht éagsúil a mholfaidh mé é sin (Roinn C.4). Mar fhocal scoir, míneoidh mé, cé go bhfuil sé lasmuigh de raon feidhme na n-achomharc seo, go bhfuil iarmhairtí ann do cheart mhuintir an tSahára Thiar leas a bhaint as acmhainní nádúrtha na n-uiscí atá cóngarach do chríoch an tSahára Thiar, ag an mainneachtain déileáil le críoch an tSahára Thiar agus leis na huiscí atá cóngarach di mar chríoch atá leithleach agus éagsúil ó chríoch Ríocht Mharacó (Roinn C.5).

1. Léiriú ar na breithiúnais in an Chomhairle *v Front Polisario agus* Western Sahara Campaign UK

90. I míreanna 96 go 115 de mo Thuairim chomhthreomhar in *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*, déanaim anailís mhionsonraithe ar bhreithiúnas na Cúirte in *an Chomhairle* v *Front Polisario*.

91. Is iad seo a leanas na príomhthorthaí a thagann chun cinn de bharr an mheasúnaithe sin.

92. D'eascair an breithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario* as caingean dhíreach i gcoinne an chinnidh ón gComhairle lenar formheastar an Comhaontú um Léirscaoileadh Trádála 2012 a thabhairt i gcrích,[75] comhaontú lena dtugtar cóir taraife fabhraí d'earraí de thionscnamh 'críoch Mharacó'.

[74] Ag an gcéadchéim, chuir Front Polisario 10 saincheist dlí chun cinn san iomlán mar thaca lena chaingean, agus níl ach an chéad agus an tríú ceann mar bhonn leis an mbreithiúnas atá faoi achomharc. Sna 8 saincheist dlí eile ardaítear ceisteanna faoin dlí idirnáisiúnta freisin, amhail urraim don dlí daonnúil idirnáisiúnta (an dara saincheist dlí); an ceart féinchinntiúcháin (8ú saincheist dlí); éifeacht choibhneasta na gconarthaí (9ú saincheist dlí); an dlí maidir le freagracht idirnáisiúnta (10ú saincheist dlí) chomh maith le ceisteanna faoi dhlí an Aontais, amhail ionchais dhlisteanacha agus comhréireacht (an 4ú, an 5ú, an 6ú agus an 7ú saincheist dlí). Féach breithiúnas faoi achomharc, mír 269.

[75] Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le bearta cómhalartacha um léirscaoileadh ar tháirgí talmhaíochta, táirgí talmhaíochta próiseáilte, éisc agus táirgí iascaigh, maidir le hathsholáthar Phrótacail 1, 2 agus 3 agus a nIarscríbhinní agus leasuithe ar an Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO 2012 L 241, lch. 4).

93. Sa bhreithiúnas sin, rinne an Chúirt a léiriú nach raibh an comhaontú sin ag síneadh go dtí críoch an tSahára Thiar, toisc nach bhféadfaí an téarma 'críoch Mharacó' a léiriú mar chríoch an tSahára Thiar.

94. Tháinig an Chúirt ar an gconclúid sin trí léiriú a dhéanamh ar an gceart féinchinntiúcháin agus ar phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí, a chinn sí a bheith ina cheangal ar an Aontas Eorpach agus í i mbun gníomhaíochta le críoch an tSahára Thiar tríd an idirghabhálaí de Ríocht Mharacó.

95. Rinne an Chúirt an ceart féinchinntiúcháin a léiriú mar cheart lena gcuimsítear oibleagáid ar an Aontas Eorpach caitheamh le críoch an tSahára Thiar mar chríoch 'leithleach agus éagsúil' ó chríoch Ríocht Mharacó. Tháinig an ceanglas sin as an bhfíoras go meastar, faoin dlí idirnáisiúnta, an Sahára Thiar mar NSGT.

96. Ní raibh gá don Chúirt, agus dá bhrí sin ní dhearna sí, léiriú ar aon oibleagáidí eile a d'fhéadfadh a bheith ar an Aontas Eorpach mar thoradh ar cheart féinchinntiúcháin mhuintir an tSahára Thiar.[76]

97. Bhain an Chúirt de thátal as freisin go spreagfadh stádas ar leith agus éagsúil de chríoch an tSahára Thiar prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí dá bhféachfadh an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó le comhaontú arna thabhairt i gcrích eatarthu féin a chur i bhfeidhm ar chríoch an tSahára Thiar.

98. De réir léiriú na Cúirte ar phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí, i gcás ina ndéantar difear do thríú páirtí trí chur i bhfeidhm chomhaontú idirnáisiúnta idir dhá pháirtí, ní mór don tríú páirtí sin toiliú le cur i bhfeidhm an chomhaontaithe sin, is cuma cibé an dócha go ndéanfaidh an cur i bhfeidhm sin dochar don tríú páirtí sin nó go rachadh sé chun tairbhe dó.

99. Ag tabhairt le tuiscint go mbeadh prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí infheidhme freisin nuair is NSGT é an tríú páirtí agus nach Stát é, bhain an Chúirt de thátal as nár thoiligh muintir an tSahára Thiar le cur i bhfeidhm den Chomhaontú um Léirscaoileadh Trádála 2012 a leathnú chuig a gcríoch.

100. I mír114 de mo Thuairim in *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*, molaim nár cheart an ceanglas maidir le toiliú, a eascraíonn as mír 106 den bhreithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario*, a thuiscint mar threoir maidir le cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh críoch an tSahára Thiar a bheith i gceist i gcomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht

[76] Dá réir sin, ina breithiúnais in *an Chomhairle* v *front Polisario* agus in *Western Sahara Campaign UK*, ní dhearna an Chúirt léiriú iomlán ar raon feidhme an chirt féinchinntiúcháin mhuintir an tSahára Thiar. Dá bhrí sin, ní féidir a eisiamh go bhféadfadh oibleagáidí breise a bheith ar an gComhairle freisin leis an gceart sin maidir le, mar shampla, ídiú acmhainní nádúrtha na críche sin ag daoine is ábhar do dhlí an Aontais. Féach freisin, ina leith sin, Molnar, T., 'The Court of Justice of the EU and the Interpretation of Customary International Law: Close Encounters of a Third Kind?', in Merkouris, P., Follesdal, A., Ulfstein, G., Westerman, P. (eag), *The interpretation of customary international law in international courts: Methods of interpretation, normative interactions and the role of coherence*, Cambridge University Press, Cambridge, 2023, lgh. 14 agus 15 (ina mbreithnítear 'gur staon Cúirt an Aontais ó léiriú dáiríre a dhéanamh ar an gceart féinchinntiúcháin.')

Mharacó. Ina áit sin, níor cheart an ráiteas sin a thuiscint ach mar *cheann de na hargóintí* maidir le cén fáth nach bhféadfaí raon feidhme an chomhaontaithe atá i gceist sa chás sin a léiriú mar chomhaontú ina n-áirítear críoch an tSahára Thiar.[77]

101. Tugadh an breithiúnas in *Western Sahara Campaign UK* breis is bliain tar éis an bhreithiúnais in *an Chomhairle* v *Front Polisario*. Tháinig an cás sin chun na Cúirte mar réamhthagairt ar léiriú agus ar bhailíocht an Chomhaontú Iascaigh 2006 agus Phrótacal Cur Chun Feidhme 2013.

102. Ina breithiúnas, bhain an Chúirt de thátal as na habairtí nach bhféadfaí 'críoch Mharacó agus na huiscí faoi dhlínse Mharacó', 'limistéar iascaireachta Mharacó' agus 'uiscí a thagann faoi cheannasacht nó faoi dhlínse Ríocht Mharacó'[78] a léiriú mar threoir go n-áireofaí na huiscí cóngarach do chríoch an tSahára Thiar.[79]

103. Chun teacht ar an gconclúid sin, in *Western Sahara Campaign UK*, d'úsáid an Chúirt a breithiúnas níos luaithe in *an Chomhairle* v *Front Polisario*

104. Ar an gcéad dul síos, mhínigh an Chúirt go raibh an Comhaontú Iascaigh 2006 mar chuid de bheartas an Aontais Eorpaigh caidreamh níos dlúithe a bhunú le Ríocht Mharacó faoi scáth an Chomhaontaithe Comhlachais.[80] Ba cheart, dá bhrí sin, an abairt 'críoch Ríocht Mharacó' a fhorléiriú ar an mbealach céanna sa Chomhaontú Iascaigh 2006 mar a léirmhíníodh í sa Chomhaontú Comhlachais in *an Chomhairle* v *Front Polisario*.[81]

105. Rinne an Chúirt tagairt ansin don chuid den bhreithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario* inar chinn sí dá mba rud é go n-áireofaí críoch an tSahára Thiar agus an abairt 'críoch Ríocht Mharacó' sa Chomhaontú Comhlachais á léirmhíniú go rachadh sé i gcoinne 'an phrionsabail um fhéinchinntiúchán, atá sonraithe in Airteagal 1 de [Chairt na Náisiún Aontaithe], agus prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí, ar léiriú sonrach é Airteagal 34 de [VCLT] díobh.'[82]

106. Ar an mbonn sin, bhain an Chúirt de thátal as nach bhféadfaí an Comhaontú Iascaigh 2006 agus Prótacal Cur Chun Feidhme 2013 a fhorléiriú mar chuspóirí lena gcumhdaítear críoch an tSahára Thiar.

77 Is i gcomhthéacs mo Thuairime in *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*, molaim nach féidir le muintir an Sahára Thiar toiliú a thabhairt, ós rud é nár fheidhmigh an 'mhuintir' sin a gceart féinchinntiúcháin fós, rud a chiallaíonn freisin nach bhfuil aon ionadaí ag muintir an tSahára Thiar a d'fhéadfadh toiliú a thabhairt ar a son. Mar sin, cinnim, i gcás NSGTanna, gurb í cumhacht riaracháin na críche sin a thugann toiliú. Sa chás seo, measaim nach bhfuil aon ní sa dlí idirnáisiúnta chun cosc a chur ar an léiriú a mhol institiúidí an Aontais gur cheart Ríocht Mharacó a mheas, faoi dhlí an Aontais, mar riarthóir ('*de facto*') de chríoch an tSahára Thiar. (féach míreanna 137 *et seq*. de mo Thuairim in *An Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*).

78 Ba iad sin na trí bhealach inar sainíodh raon feidhme críochach an Chomhaontú Iascaigh 2006. *Féach Western Sahara Campaign UK*, mír 57.

79 Chuir an Chúirt tús lena hanailís trína mhíniú nár tháinig ceist bhailíochta an Chomhaontú Iascaigh 2006 agus an Phrótacal Cur Chun Feidhme 2013 chun cinn mura raibh feidhm ag an gcomhaontú a bhí i gceist sa chás sin maidir leis na huiscí cóngarach do chríoch an tSahára Thiar (féach *Western Sahara Campaign UK*, míreanna 54 agus 55). Mar sin rinne sí raon feidhme an Chomhaontú Iascaigh 2006 agus an Phrótacal Cur Chun Feidhme 2013 a léiriú ar dtús agus chinn sí nach raibh feidhm ag na gníomhartha sin maidir leis na huiscí atá cóngarach do chríoch an tSahára Thiar. Ar an gcúis sin, chinn an Chúirt nach raibh aon chúis le difear a dhéanamh do bhailíocht chinneadh na Comhairle lena bhformheastar iad (féach an breithiúnas in *Western Sahara Campaign UK*, an chuid oibríochtúil).

80 Féach *Western Sahara Campaign UK*, mír 59.

81 *Féach Western Sahara Campaign UK*, mír 61.

82 Féach *Western Sahara Campaign UK*, mír 63.

107. Ina dhiaidh sin, chuir an Chúirt tús le léiriú a dhéanamh ar an gcoincheap ‘uiscí a thagann faoi cheannasacht nó faoi dhlínse Ríocht Mharacó’, mar a bhí sé le feiceáil sa Chomhaontú Iascaigh 2006 agus sa Phrótacal Cur Chun Feidhme 2013 araon.

108. Chun críocha an chleachtaidh sin, rinne an Chúirt tagairt do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, á meas go raibh an coinbhinsiún sin 'ina cheangal ar an Aontas Eorpach agus dá dtagraítear go sainráite sa... [Comhaontú Iascaigh 2006]’. [83]

109. Agus tátail á mbaint as an léiriú ar an abairt ‘uiscí a thagann faoi cheannasacht nó faoi dhlínse Ríocht Mharacó’ ó Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, tháinig an Chúirt ar an gconclúid nach bhféadfaí an abairt sin a léiriú mar uiscí atá cóngarach do chríoch an tSahára Thiar a áireamh: ní fhéadfadh ach ceannasacht nó dlínse a bheith ag Ríocht Mharacó ar na huiscí cóngarach dá chríoch, agus níl críoch an tSahára Thiar cumhdaithe ag an gcoincheap ‘críoch Ríocht Mharacó’. [84]

110. Ansin, rinne an Chúirt scrúdú ar cibé an bhféadfaí a chinneadh go raibh sé ar intinn ag an Aontas Eorpach agus ag Ríocht Mharacó na huiscí atá cóngarach do chríoch an tSahára Thiar a chomhchuimsiú laistigh de na habairtí ‘uiscí a thagann faoi cheannasacht [...] Ríocht Mharacó’ agus ‘uiscí a thagann faoi dhlínse […] Ríocht Mharacó’, mar atá siad le fáil sa Chomhaontú Iascaigh 2006.

111. Tháinig sí ar an gconclúid nach bhféadfaí a leithéid d’intinn a thuiscint ón gcaoi a bhféadfadh caitheamh le Ríocht Mharacó mar ‘cumhacht riaracháin *de facto*’ nó mar chumhacht fhorghabhála den Sahára Thiar […], ós rud é go bhfuil sé séanta go diongbháilte ag Ríocht Mharacó gur cumhacht fhorghabhála í nó cumhacht riaracháin í maidir le críoch an tSahára Thiar’. [85] Mar sin, ní raibh an Chúirt in ann a chinneadh go raibh rún intuigthe ag na páirtithe chuige sin. [86]

112. Ar deireadh, réasúnaigh an Chúirt nach mbeadh gá le scrúdú a dhéanamh maidir le cibé an mbeadh sé ag luí le rialacha an dlí idirnáisiúnta atá ceangailteach ar an Aontas Eorpach na huiscí atá cóngarach do chríoch an tSahára Thiar a áireamh faoi raon feidhme an Chomhaontú Iascaigh 2006 agus an Phrótacal Cur Chun Feidhme 2013 dá mba rud é go dtabharfadh an tsaintréith de chumhacht fhorghabhála nó cumhacht riaracháin ar Ríocht Mharacó ós rud é nach bhféadfaí an comhaontú agus an prótacal sin a léiriú, ar aon nós, mar ghníomh is infheidhme maidir leis na huiscí atá cóngarach do chríoch an tSahára Thiar. [87]

113. Ina breithiúnas in *Western Sahara Campaign UK*, ní dhearna an Chúirt tuilleadh scrúdaithe, nó fiú tagairt don ghá atá le ‘toiliú’ mhuintir an tSahára Thiar faoi phrionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí.

[83] *Western Sahara Campaign UK*, mír 58.

[84] *Western Sahara Campaign UK*, míreanna 67 go 69.

[85] *Western Sahara Campaign UK*, mír 72.

[86] *Western Sahara Campaign UK*, míreanna 70 go 72.

[87] *Western Sahara Campaign UK*, mír 72.

2. Difríochtaí idir an creat dlíthiúil ábhartha is infheidhme maidir leis an gComhaontú um Fhabhair Thrádála agus leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe

114. Tá difríochtaí tábhachtacha idir an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus an comhaontú atá i gceist sna hachomhairc chomhthreomhara in *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-779/21 P agus C-799/21 P).

115. Is éard atá i gceist sna hachomhairc sin ná comhaontú arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó fabhair thrádála a thugtar d'earraí de thionscnamh Ríocht Mharacó *a leathnú* freisin d'earraí de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar. [88]

116. Dá bhrí sin, leis an gComhaontú um Fhabhair Thrádála atá i gceist sna hachomhairc chomhthreomhara, leathnaítear go soiléir an cur i bhfeidhm de chomhaontú idir dhá pháirtí chuig tríú páirtí: leathnaítear go sainráite an chóir a tugadh faoin gComhaontú um Léirscaoileadh Trádála 2012 idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó – nach raibh, mar a chinn an Chúirt, is infheidhme maidir le críoch an tSahára Thiar – chuig earraí de thionscnamh chríoch an tSahára Thiar.

117. Sna cúinsí a bhaineann leis na hachomhairc in *An Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario* (C-779/21 P agus C-799/21 P), is léir, dá bhrí sin, go bhfuil dhá shaincheist ann.

118. Ar an gcéad dul síos, is é an creat dlíthiúil is infheidhme an creat lena rialaítear éifeacht choibhneasta na gconarthaí.

119. Ar an dara dul síos, mar atá léirithe ag an gCúirt, déantar idirdhealú soiléir sa Chomhaontú um Fhabhair Thrádála idir críoch an tSahára Thiar agus críoch Ríocht Mharacó agus críoch an Aontais Eorpaigh.

120. I gcodarsnacht leis sin, níl an bhuntuiscint sin fíor maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe nó leis an bPrótacal Cur chun Feidhme.

121. Ar an gcéad dul síos, leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, ní leathnaítear an réimeas arna chomhaontú a bheith is infheidhme maidir le críoch Ríocht Mharacó chuig críoch an tSahára Thiar.

122. Ina ionad sin, bunaítear an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus a Phrótacal Cur Chun Feidhme chun creat dlíthiúil nua a chur in ionad an Chomhaontú Iascaigh 2006 agus an Phrótacal Cur Chun Feidhme 2013 ina n-iomláine, agus é mar aidhm aige cearta iascaigh a rialáil sa 'limistéar iascaireachta' a chumhdaítear leis an gcomhaontú sin.

123. Is é iarmhairt na difríochta sin nach bhfuil prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí is infheidhme maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe nó leis an bPrótacal Cur Chun Feidhme.

124. Ar an dara dul síos, ní dhéantar idirdhealú soiléir sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe ná sa Phrótacal Cur Chun Feidhme idir críoch an tSahára Thiar agus críoch Ríocht Mharacó.

[88] Féach an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasú ar Phrótacail 1 agus 4 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO 2019 L 34, lch. 4) ('an Comhaontú um Fhabhair Thrádála').

125. Mar a mhíním i míreanna 31 go 33 den Tuairim seo, tá feidhm ag an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus ag an bPrótacal Cur Chun Feidhme maidir leis an 'limistéar iascaireachta', limistéar atá sainmhínithe ag a chomhordanáidí geografacha agus ina gcuimsítear na huiscí atá cóngarach do chríoch an tSahára Thiar.

126. Is é an toradh atá ar an difríocht sin ná go n-éilítear leis na hachomhairc atá i gceist sa chás seo ar Chúirteanna an Aontais measúnú a dhéanamh cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, an Prótacal Cur chun Feidhme agus an Malartú Litreacha ag cloí leis an gceanglas, a eascraíonn as na breithiúnais in *an Chomhairle* v *Front Polisario* agus in *Western Sahara Campaign UK* agus a thagann chun cinn de bharr an chirt féinchinntiúcháin, chun caitheamh le críoch an tSahára Thiar mar chríoch atá leithleach agus éagsúil ó chríoch Ríocht Mharacó.

3. Cur i bhfeidhm na Cúirte Ginearálta de na breithiúnais in An Chomhairle v Front Polisario *agus in* Western Sahara Campaign UK

127. Is léir ón mbreithiúnas atá faoi achomharc gur chuir an Chúirt Ghinearálta an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní trína bheith ag brath ar mhír 106 den bhreithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario*. [89]

128. Agus an mhír sin á léiriú mar mhír lena gceanglaítear ar an gComhairle 'toiliú' mhuintir an Sahára Thiar a fháil, sa bhreithiúnas atá faoi achomharc, tháinig an Chúirt Ghinearálta, go bunúsach, ar an gconclúid nach bhféadfaí a mheas go raibh na comhairliúcháin a rinne an Chomhairle agus SEGS ag comhlíonadh na hoibleagáide sin. [90]

129. Dá réir sin, agus ar bhonn na hargóinte a bhí go bunúsach mar an gcéanna leis an argóint a cuireadh chun cinn sa bhreithiúnas atá faoi achomharc in *an Coimisiún agus an Chomhairle v Front Polisario* (C-779/21P agus C-799/21P), chuir an Chúirt Ghinearálta an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní.

130. Táim den tuairim go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid sa chonclúid sin.

131. Rinne an Chúirt an ceanglas maidir le 'toiliú', a chinn an Chúirt Ghinearálta a bheith ar iarraidh sa chás seo, a bhaint in *an Chomhairle v Front Polisario* as an bprionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí.

132. Mar sin féin, mar a mhíním i mír 123 den Tuairim seo, le hathbhreithniú bailíochta den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe ar na breithiúnais in *an Chomhairle* v *Front Polisario* agus in *Western Sahara Campaign UK* níl gá le prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí a chur i bhfeidhm. [91]

89 Breithiúnas faoi achomharc, míreanna 150, 201 go 202, 237, 304, 311, 319, 322, 328, 342, 353, 363 agus 364.

90 Breithiúnas faoi achomharc, mír 364.

91 Mar a mhíním freisin i mír 118 den Tuairim seo, tá prionsabal éifeacht choibhneasta na gConarthaí is infheidhme maidir leis an gComhaontú um Fhabhair Trádála toisc go bhféachtar leis an gcomhaontú sin le cur i bhfeidhm comhaontaithe atá ann cheana féin idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó a leathnú chuig críoch an tSahára Thiar. Sin é an fáth i mo Thuairim in *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario* déanaim anailís ar an gcaoi ar chuir an Chúirt Ghinearálta an ceanglas maidir le 'toiliú' i bhfeidhm, agus tagaim ar an gconclúid go ndearna sí earráid nuair a mheas sí go bhféadfadh 'muintir' an tSahára Thiar toiliú a thabhairt. Chomh fada is nach bhfuil an ceart féinchinntiúcháin á fheidhmiú ag an 'muintir', níl ionadaí dlíthiúil ag an muintir sin chun toiliú a thabhairt ar a son. Go dtí go bhfeidhmeofar an ceart sin, is faoin gcumhacht riaracháin atá sé toiliú thar ceann mhuintir NSGT (féach, chuige sin, mo Thuairim in *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*, míreanna 133 go 134 agus 169).

133. Leis an gcomhaontú sin ní dhearna na páirtithe iarracht an réimeas arna chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó a leathnú chuig críoch tríú páirtí.

134. Ina ionad sin, tugadh an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe i gcrích chun an réimeas iascaireachta i limistéar geografach socraithe, an 'limistéar iascaireachta', a shíneann go dtí na huiscí cóngarach do chríoch tríú páirtí, an Sahára Thiar, a chinneadh ar bhealach díreach.

135. Dá réir sin, níor ceanglaíodh ar an gComhairle toiliú a fháil ó mhuintir an tSahára Thiar. [92]

136. Dá bhrí sin, molaim go gcinnfidh an Chúirt go ndearna an Chúirt Ghinearálta earráid maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm mhír 106 den bhreithiúnas in *an Chomhairle* v *Front Polisario* de bhrí nach raibh gá leis an athbhreithniú ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus ar an bPrótacal Cur Chun Feidhme go gcuirfí i bhfeidhm prionsabal éifeacht choibhneasta na gconarthaí agus an cheanglais um thoiliú, ceanglas a eascraíonn ón bprionsabal sin.

4. Urraim a thabhairt don cheart caitheamh leis an dá chríoch mar chríoch atá leithleach agus éagsúil

137. Sa chinneadh atá faoi chonspóid, [93] cuireann an Chomhairle in iúl go bhfuil sé ar intinn aici caitheamh le Ríocht Mharacó ní mar an t-údarás ceannasach ar chríoch an tSahára Thiar, ach mar chumhacht riaracháin na críche sin.

138. Tá an smaoineamh céanna le fáil sa Mhalartú Litreacha, [94] ina n-athshonraíonn an tAontas Eorpach a sheasamh gur NSGT é an Sahára Thiar, agus go bhfuil an ceart féinchinntiúcháin ag muintir na críche sin.

139. Mar a mhíním i mo Thuairim in *an Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*, ní féidir leis an gCúirt athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh beartais chun dul i mbun gníomhaíochta le críoch an tSahára Thiar trína riarthóir, Ríocht Mharacó.

140. Mar sin féin, i gcás ina roghnaíonn an tAontas Eorpach dul i mbun gníomhaíochta le críoch an tSahára Thiar ar an mbealach sin, sainordaítear le hoibleagáid na Cúirte um athbhreithniú bunreachtúil go rialaíonn sí go n-urramaítear stádas na críche sin agus cearta a muintire nuair a théitear i mbun gníomhaíochta léi.

92 Ní chuirim as an áireamh, áfach, go bhféadfadh cleachtadh comhairliúcháin an daonra áitiúil eascairt as an gceart féinchinntiúcháin agus as an gceart comhghaoil chun taitneamh a bhaint as acmhainní nádúrtha NSGT. Féach, mar shampla, Torres-Spelliscy, G., 'National Resources in Non-Self-Governing Territories', in Boukhars, A. and Rousselier, J. (eag), *Perspective on Western Sahara: Myths, Nationalisms and Geopolitics*, Rowman & Littlefield, Lanham, 2013, lch. 235. Féach freisin Wrange, P., 'Self-Determination, occupation and the authority to exploit natural resources: trajectories from four European judgments on Western Sahara', Israel Law Review, Iml. 52(1), 2019, lgh. 3 go 30. De réir an beirt údar, le cur i bhfeidhm an dlí maidir le NSGTanna agus an dlí lena rialaítear cearta agus oibleagáidí na gcumhachtaí forghabhála, coimeádtar do dhaonra dúchasach an limistéir atá i gceist an ceart chun taitneamh a bhaint as a gcuid acmhainní nádúrtha.

93 Féach aithris 4 den chinneadh atá faoi chonspóid.

94 Tá an ráiteas seo a leanas i mír 2 den litir ón Aontas Eorpach a chuimsítear sa Mhalartú Litreacha mar chuid den Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe: 'Cuirtear an [Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe] i gcrích gan dochar do sheasaimh na bPáirtithe faoi seach: — i gcás an Aontais Eorpaigh, tá tagairtí sa [Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe] do dhlíthe agus rialacháin Mharacó gan dochar dá sheasamh maidir le stádas chríoch neamh-fhéinrialaitheach an tSahára Thiar, a bhfuil a n-uiscí cóngaracha ina gcuid den limistéar iascaireachta a shainmhínítear i bpointe (h) d'Airteagal 1 den [Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe], agus dá cheart féinchinntiúcháin'.

141. Chun críocha dhlínse na Cúirte sna hachomhairc seo, ciallaíonn sé sin nach mór di rialú a dhéanamh cé acu an n-urramaítear nó nach n-urramaítear leis an mbealach a roghnaigh an tAontas Eorpach dul i mbun gníomhaíochta le críoch an tSahára Thiar trí Ríocht Mharacó an ceart féinchinntiúcháin de mhuintir an tSahára Thiar, arna léiriú ag an gCúirt in *an Chomhairle* v *Front Polisario* agus in *Western Sahara Campaign UK*.

142. Mar atá mínithe agam i mír 95 den Tuairim seo, bunaithe ar an léiriú a thug an Chúirt sna breithiúnais sin, áirítear le raon feidhme an chirt sin an oibleagáid caitheamh le críoch an tSahára Thiar mar chríoch 'leithleach agus éagsúil' ó chríoch Ríocht Mharacó.

143. Ní chomhlíontar an ceanglas sin leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe.

144. Ina raon feidhme, sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, ní thugtar urraim leordhóthanach do charachtar 'leithleach agus éagsúil' chríoch an Sahára Thiar agus na n-uiscí atá cóngarach di.

145. Mar atá mínithe agam i míreanna 31 go 33 den Tuairim seo, bunaítear raon feidhme chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe trí thagairt a dhéanamh do 'limistéar iascaireachta' aonair, a shainítear mar limistéar lena gclúdaítear go bunúsach iomlán na n-uiscí atá cóngarach do Ríocht Maracó agus na n-uiscí de chríoch an tSahára Thiar.

146. Is léir ní hamháin ón sainmhíniú ar an limistéar sin agus ón gcinneadh atá faoi chonspóid [95] agus ón Malartú Litreacha [96] araon go n-áirítear sa limistéar a chlúdaítear leis sin na huiscí atá cóngarach do chríoch an tSahára Thiar.

147. Mar sin féin, sa sainmhíniú ar an 'limistéar iascaireachta' ní dhéantar idirdhealú idir na huiscí atá cóngarach do chríoch Ríocht Mharacó agus na huiscí atá cóngarach do chríoch an tSahára Thiar.

148. Ní gá go ndéanfaí idirdhealú den sórt sin in dhá chomhaontú ar leith. D'fhéadfaí, mar shampla, a bheith bainte amach trí theorainneacha a chur le teorainn na gcríoch sin trí thagairt a dhéanamh dá gcomhordanáidí geografacha faoi seach.

149. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh sé soiléir ar a laghad ón gcomhaontú a thug an tAontas Eorpach i gcrích le Ríocht Mharacó cén chuid de chearta iascaireachta an Aontais Eorpaigh a bhaineann leis na huiscí atá cóngarach do Ríocht Mharacó agus cén chuid a bhaineann leis na huiscí atá cóngarach do chríoch an tSahára Thiar.

150. Is sa chás sin amháin atá sé infhionnta go soiléir gur fhéach an tAontas Eorpach le caitheamh le Ríocht Mharacó mar an t-údarás ceannasach i ndáil lena chríoch féin agus mar an t-údarás riaracháin ('*de facto*') i ndáil le críoch an tSahára Thiar.

151. Níl aon tionchar ag an gconclúid thuas ar léiriú sheasamh polaitiúil an Aontais Eorpaigh, atá sa Mhalartú Litreacha, maidir leis an gcaoi a gcaitear le críoch an tSahára Thiar.

95 Féach aithris 5 den chinneadh atá faoi chonspóid.

96 Féach pointe 2 den litir ón Aontas Eorpach sa Mhalartú Litreacha.

152. Ní chuirim as an áireamh, i gcúinsí áirithe, dá gcuirfí san áireamh an cineál sin ráitis, go bhféadfaí conclúid na Cúirte a 'chlaonadh' i bhfabhar bailíocht gnímh a bhaineann le caidreamh an Aontais Eorpaigh le tríú Stát nó tríú críoch. [97]

153. Mar sin féin, ann féin, ní féidir le léiriú ar sheasamh polaitiúil an Aontais Eorpaigh 'leigheas' a chur ar an mainneachtain caitheamh le críoch an tSahára Thiar mar chríoch atá leithleach agus éagsúil ó chríoch Ríocht Mharacó sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus sa Phrótacal Cur Chun Feidhme.

154. Dá bhrí sin, trí thabhairt chun críche an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme le Ríocht Mharacó a fhormheas, níor urramaigh an Chomhairle cuid den cheart féinchinntiúcháin de mhuintir an tSahára Thiar, arna léiriú ag an gCúirt ina breithiúnais in *an Chomhairle* v *Front Polisario* agus *Western Sahara Campaign UK*.

5. Urraim a thabhairt don cheart chun taitneamh a bhaint as acmhainní nádúrtha

155. Maidir leis an mainneachtain caitheamh leis na huiscí atá cóngarach do chríoch an tSahára Thiar agus leo siúd atá cóngarach do chríoch Ríocht Mharacó sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus sa Phrótacal Cur Chun Feidhme, mar uiscí atá leithleach agus éagsúil, tá iarmhairtí aici freisin do cheart mhuintir an tSahára Thiar, leas a bhaint as acmhainní nádúrtha na n-uiscí atá cóngarach do chríoch an tSahára Thiar.

156. I gceist leis an gceart féinchinntiúcháin, atá ina cheangal ar an Aontas Eorpach maidir lena chaidreamh le Ríocht Mharacó i ndáil le críoch an tSahára Thiar, tá an ceart atá ag muintir an tSahára Thiar chun taitneamh a bhaint as acmhainní nádúrtha NSGT an tSahára Thiar, lena n-áirítear na huiscí atá cóngarach dó. [98]

157. Mar sin féin, ina bhreithiúnais in *an Chomhairle* v *Front Polisario* agus *Western Sahara Campaign UK*, níor phléigh an Chúirt an ghné sin den cheart féinchinntiúcháin. Dá bhrí sin tá sé eisiata ó raon feidhme na n-achomharc seo.

158. Mar sin féin, maidir leis an oibleagáid atá ar an Aontas Eorpach a áirithiú go mbainfidh muintir an tSahára Thiar leas as comhaontú lena gcumasaítear deiseanna iascaireachta sna huiscí cóngarach do chríoch NSGT an tSahára Thiar, eascraíonn sí go neamhspleách óna bhallraíocht i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige. [99]

[97] Féach, de réir analaí, breithiúnas an 17 Eanáir 2023, *an Spáinn* v *an Coimisiún* (C-632/20 P, EU:C:2023:28, mír 52) inar thacaigh an Chúirt lena réasúnaíocht trí thagairt a dhéanamh do chlásal comhchosúil 'a dhéantar gan dochar' maidir le rannpháirtíocht Údarás Rialála Náisiúnta na Cosaive san obair de Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach.

[98] Féach mo Thuairim i gCásanna Uamtha C-779/21 P agus C-799/21 P *An Coimisiún agus an Chomhairle* v *Front Polisario*, míreanna 190 go 192. Féach freisin, go ginearálta, Wrange, P., 'Self-Determination, occupation and the authority to exploit natural resources: trajectories from four European judgments on Western Sahara', *Israel Law Review*, Iml. 52(1), 2019, lch. 3 agus Kassoti, E., 'The Empire Strikes Back: An Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Prótacail 1 agus 4 a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais AE-Mharacó', *Páipéir Eorpacha*, Iml. 4(1), 2019, lgh. 313 go 316. Mar an gcéanna, New York City Bar Association, 'Report on legal issues involved in the Western Sahara dispute: use of natural resources', Coiste na Náisiún Aontaithe, 2011, lgh. 27 go 30.

[99] D'fhormheas an tAontas Eorpach (an Comhphobal Eorpach an tráth sin) Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige ('UNCLOS') in 1998. Féach Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle an 23 Márta 1998 maidir le tabhairt chun críche ag an gComhphobal Eorpach Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1982 maidir le Dlí na Farraige agus Comhaontú an 28 Iúil 1994 maidir le cur chun feidhme Chuid XI de (IO 1998 L 179, lch. 1).

159. Chuige sin, tugaim faoi deara go sonraítear i mír 1(a) de Rún III, atá in Iarscríbhinn I d'Ionstraim Chríochnaitheach an Tríú Comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, agus ar cuid dhílis de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige í dá bhrí sin, 'i gcás críche nach bhfuil neamhspleáchas iomlán nó stádas féinrialaitheach eile bainte amach ag a muintir atá aitheanta ag na Náisiúin Aontaithe, nó críoch atá faoi fhorlámhas coilíneach, déanfar forálacha maidir le cearta agus leasanna faoi [Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige] a chur chun feidhme chun leasa mhuintir na críche d'fhonn a bhfolláine agus a bhforbairt a chur chun cinn.'

160. Dá réir sin, de bhua oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcoinbhinsiún sin, ní mór an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus an Prótacal Cur Chun Feidhme, a mhéid a bhíonn rochtain ar na huiscí sin mar thoradh ar na gníomhartha AE sin, a chur chun feidhme ar mhaithe le muintir an tSahára Thiar d'fhonn a gcuid folláine agus a gcuid forbartha a chur chun cinn. [100]

161. Sa chás seo, is fíor go leagtar síos sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe agus sa Phrótacal Cur Chun Feidhme an ceanglas maidir le 'dáileadh cothrom geografach agus sóisialta' de na tairbhí socheacnamaíocha a eascraíonn as an gcúiteamh airgeadais a d'íoc an tAontas Eorpach le Ríocht Mharacó.

162. Mar sin féin, mar a mhíníonn an Chúirt Ghinearálta go bunúsach i mír 316 den bhreithiúnas atá faoi achomharc, gan agóid a bheith déanta go substaintiúil ina choinne sa chinneadh sin, nach n-eascraíonn an chaoi 'a chuirtear an prionsabal um dháileadh cothrom geografach agus sóisialta na ranníocaíochta airgeadais chun feidhme ar bhealach éagsúil ar chríoch an tSahára Thiar agus ar chríoch Mharacó' as forálacha an Chomhaontaithe Chomhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe, an Phrótacail Cur Chun Feidhme, nó an Mhalartú Litreacha.

163. Dar liomsa, chun a áirithiú nach mbaintear cearta dlisteanacha ar a n-acmhainní nádúrtha féin ag muintir an tSahára Thiar, bheadh sé riachtanach, *inter alia*, nach mbaineann ach daonra chríoch an tSahára Thiar leas as na fáltais a eascraíonn as saothrú a gcuid acmhainní nádúrtha.

164. Ní chuirim as an áireamh go bhféadfaí deireadh a chur leis an éiginnteacht maidir le comhlíonadh an Aontais Eorpaigh leis an gceanglas sin tríd an gcur i láthair, ag na hinstitiúidí AE den 'mhodh' agus/nó den 'eochair dháileacháin' a bhí Ríocht Mharacó ceaptha a chur i láthair don Chomhchoiste, dá gceanglaítear sa Phrótacal Cur Chun Feidhme (féach mír 40 den Tuairim seo).

165. Mar sin féin, níl aon fhaisnéis, chuige sin, sa chomhad cúirte. [101]

[100] Féach, chuige sin, freisin an Litir dar dáta an 29 Eanáir 2002 ón bhFo-Ardrúnaí um Ghnóthaí Dlí, an tAbhcóide Dlí, a seoladh chuig Uachtarán na Comhairle Slándála (S/2002/161), mír 22. Mar an gcéanna, Kenny, J. K., 'Resolution III of the 1982 Convention on the Law of the Sea and the Timor Gap Treaty', *Washington International Law Review*, Iml. 2(1), 1993, lch. 147 (lena gcuirtear in iúl go ndéantar leis na doiciméid ullmhúcháin do Rún III 'an bunphrionsabal atá taobh thiar den rún a shoiléiriú: ba cheart do dhaoine neamh-fhéinrialaitheacha leas a bhaint as acmhainní a gcríoch').

[101] Ná ní raibh mé in ann an fhaisnéis sin a fháil ó chlár doiciméad na Comhairle ach an oiread. Is í an t-aon fhaisnéis atá ar fáil go poiblí ná an fhaisnéis atá sa Mheastóireacht Chríochnaitheach 2023, tuarascáil a choimisiúnaigh an Coimisiún nach cuid den cháschomhad í, ar dealraitheach go mínítear ann gur cuireadh eochair dáileacháin faoi bhráid an Chomhchoiste, agus go raibh an dáileachán a d'eascair as, mar chúis leis an gcúiteamh airgeadais ar rochtain ag cabhlach an Aontais a bheith ag brath ar 'dháileadh geografach na gabhála' (féach an Mheastóireacht Chríochnaitheach 2023, lch. 38). Mar thaca leis an gcinneadh sin, is é an tátal a bhaintear as sa Mheastóireacht Chríochnaitheach 2023 ná gur dáileadh 95 % den ioncam rochtana agus 99 % de na táillí rochtana ar chríoch an tSahára Thiar (féach lch. 38), dáileachán 'a mheasann an Comhchoiste a bheith cothrom' (féach an Mheastóireacht Dheiridh Chríochnaitheach, lch. v, pointe 33). Ní chuirim as an áireamh go gcuirfeadh bunús na bhfigiúirí sin ag institiúidí an Aontais ar mo shuaimhneas maidir le leordhóthanacht an chúitimh a eascraíonn as saothrú acmhainní nádúrtha mhuintir an tSahára Thiar; ach, d'éagmais faisnéise breise agus plé os comhair na Cúirte maidir leis an tsaincheist sin, ní féidir liom teacht ar an gconclúid cé acu an bhfuil údar le conclúid tuarascála an Mheastóireacht Chríochnaitheach 2023.

166. Mar an gcéanna, d'fhéadfaí a bheith indéanta, fiú d'éagmais modh agus eochair dáileacháin den sórt sin, go bhféadfadh fianaise leordhóthanach ar mhaoirseacht dhian ag an gComhchoiste (féach mír 41 den Tuairim seo) maidir le leithdháileadh an chúitimh airgeadais arna íoc ag an Aontas Eorpach mar mhalairt ar rochtain agus saothrú na n-uiscí atá cóngarach do chríoch an tSahára Thiar, oibleagáidí an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh maidir le saothrú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha an tSahára na n-uiscí atá cóngarach don Sahára Thiar. [102]

167. Arís, áfach, níl aon fhaisnéis sa chomhad cúirte maidir le cé acu an ndearna nó nach ndearna an coiste sin maoirseacht de chineál ar bith, agus más amhlaidh é sin, maidir leis an gcaoi a ndearna sé maoirseacht ar dháileachán riachtanach an chúitimh airgeadais.

168. Ar na cúiseanna thuasluaite, táim den tuairim nach gcomhlíontar leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe ná leis an bPrótacal Cur Chun Feidhme an ceanglas chun caitheamh le críoch an tSahára Thiar mar chríoch 'atá leithleach agus éagsúil' ó chríoch Ríocht Mharacó.

169. Toisc go dtagann an oibleagáid sin as na breithiúnais in *an Chomhairle* v *Front Polisario* agus in *Western Sahara Campaign UK*, ba cheart glacadh leis an tríú pléadáil de Front Polisario, a tugadh isteach ag an gcéadchéim agus an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní ar an bhforas sin.

170. Molaim don Chúirt, dá bhrí sin, diúltú d'achomhairc na Comhairle agus an Choimisiúin agus seasamh leis an mbreithiúnas faoi achomharc, cé go bhfuil sé bunaithe ar réasúnaíocht dhifriúil.

IV. Iarmhairtí

171. Mar a fhoráiltear sa dara mír d'Airteagal 264 CFAE, sonróidh an Chúirt, má mheasann sí gur gá sin, cé na héifeachtaí sonracha atá ag an ngníomh i dtrácht nach mór a mheas mar éifeachtaí cinntitheacha.

172. Ós rud é go ndeachaigh an Prótacal Cur Chun Feidhme in éag i mí Iúil 2023, ní féidir soithí an Aontais aon ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh faoi láthair sna huiscí atá cóngarach do chríoch an tSahára Thiar. Deimhníodh sin freisin ag an éisteacht.

173. É sin ráite, mar a mhínigh an Chúirt Ghinearálta, 'd'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ag an gcinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní le héifeacht láithreach ar ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh agus cinnteacht dhlíthiúil a chur i mbaol maidir leis na gealltanais idirnáisiúnta ar chomhaontaigh sí leo agus atá ceangailteach ar na hinstitiúidí agus ar na Ballstáit'. [103]

174. Ina theannta sin, ní chuirim as an áireamh go bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ag neamhniú láithreach an chinnidh atá faoi chonspóid ar líon mór de chaidreamh dlí a rinneadh de mheon macánta.

[102] Mar sin, aontaím, i bprionsabal, le ráiteas an Choimisiúin go bhféadfaí teanga chomhréitigh as a n-eascródh an toradh céanna agus a cheanglaítear le Rún 2554 (XXIV) agus le mír 1(a) de Rún III a bheith inghlactha ó thaobh oibleagáidí an Aontais Eorpaigh de maidir le cearta dlisteanacha mhuintir an tSahára Thiar ar a n-acmhainní nádúrtha a urramú.

[103] Breithiúnas faoi achomharc, mír 368.

175. Má roghnaíonn an Chúirt dá bharr sin mo chonclúid a leanúint, molaim an éifeacht atá ag an gcinneadh atá faoi chonspóid a choinneáil, ar feadh tréimhse réasúnta, nach bhféadfadh a bheith níos faide ná 2 bhliain ó dháta seachadta an bhreithiúnais sa chás seo, d'fhonn na leasuithe is gá ar an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe a thabhairt i gcrích le Ríocht Mharacó.

V. Conclúid

176. I bhfianaise an mhéid sin thuas, molaim go ndiúltóidh an Chúirt Bhreithiúnais d'achomhairc na Comhairle agus an Choimisiúin.